Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B RIALACHÁN (AE) 2018/975 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Iúil 2018

lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO)

(IO L 179, 16.7.2018, lch. 30)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/838 ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2025	L 838	1	2.5.2025

▼B

RIALACHÁN (AE) 2018/975 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Iúil 2018

lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO)

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos forálacha bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe a bhaineann le hiascaireacht stoc éisc traslimistéir i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO.

Airteagal 2

Raon Feidhme

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais a oibríonn i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;

(b) soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thrasloingsíonn táirgí iascaigh a ghabhtar i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;

(c) soithí iascaireachta tríú tír a iarrann cead isteach i gcalafoirt de chuid an Aontais, nó atá ina n-ábhar do chigireacht i gcalafort den sórt sin, agus a bhfuil táirgí iascaigh a ghabhtar i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO á n-iompar acu.

Airteagal 3

Gaol le gníomhartha eile de chuid an Aontais

Ach amháin má fhoráiltear dá mhalairt go sainráite sa Rialachán seo, beidh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus Rialachán (AE) 2017/2403.

Airteagal 4

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn “Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO” an limistéar geografach atá marcáilte in Airteagal 5 de Choinbhinsiún SPRFMO;

(2) ciallaíonn “soitheach iascaireachta” aon soitheach d'aon mhéid a úsáidtear, nó a bheartaítear a úsáid, chun acmhainní iascaigh a shaothrú ar bhonn tráchtála, lena n-áirítear longa tacaíochta, soithí próiseála éisc, soithí a ghabhann don trasloingsiú agus soithí iompair atá trealmhaithe chun táirgí iascaigh a iompar, seachas soithí coimeádán;

▼B

(3) ciallaíonn “soitheach iascaireachta de chuid an Aontais” soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain aige agus atá cláraithe san Aontas;

(4) ciallaíonn “acmhainní iascaigh SPRFMO” na hacmhainní bitheolaíocha muirí go léir laistigh de Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, gan an méid seo a leanas a áireamh:

(a) speicis neamhaistreacha a mhéid a thagann siad faoi réir dlínse náisiúnta Stát cósta de bhun mhír 4 d'Airteagal 77 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 (“UNCLOS”);

(b) speicis mhórimirceacha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le UNCLOS;

(c) speicis de chineál anadromach agus catadromach;

(d) mamaigh mhuirí, reiptílí muirí agus éin mhara;

(5) ciallaíonn “táirgí iascaigh SPRFMO” orgánaigh uisceacha, nó táirgí a dhíorthaítear uathu, a thagann ó aon ghníomhaíocht iascaireachta laistigh de Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;

(6) ciallaíonn “gníomhaíocht iascaireachta” cuardach éisc, lámhach, socrú, tarraingt, tarlú trealaimh iascaireachta, gabháil a thabhairt ar bord, éisc agus táirgí iascaigh a thrasloingsiú, a choinneáil ar bord, a phróiseáil ar bord, a aistriú agus a thabhairt i dtír;

(7) ciallaíonn “iascaireacht ghrinnill” iascaireacht ag aon soitheach iascaireachta a úsáideann aon trealamh ar dócha é a theacht i dteagmháil le grinneall na farraige nó le horgánaigh bheantacha i ngnáthchúrsa oibríochtaí;

(8) ciallaíonn “lorg iascaireachta grinnill” fairsinge spásúil na hiascaireachta grinnill i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2002 go dtí an 31 Nollaig 2006;

(9) ciallaíonn “iascaireacht NNN” gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe nó neamhrialáilte mar atá sainmhínithe i bpointí 1 go 4 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(10) ciallaíonn “dréachtliosta soithí NNN SPRFMO” an liosta tosaigh soithí iascaireachta a dtoimhdítear ina leith go bhfuil iascaireacht NNN déanta acu, arna dhréachtú ag Rúnaíocht SPRFMO agus arna chur faoi bhráid Choiste Comhlíontachta agus Teicniúil SPRFMO lena bhreithniú;

(11) ciallaíonn “iascach taiscéalaíoch” iascach nach bhfuil iascaireacht déanta ann nó nach bhfuil iascaireacht déanta ann le cineál áirithe trealaimh nó le teicníocht áirithe i rith na 10 mbliana roimhe sin;

▼B

(12) ciallaíonn “sruthlíon peiligeach ar mhórscála” eangach gheolbhaigh nó eangach eile, nó cumasc eangach, atá níos mó 2,5 ciliméadar ar fhad a bhfuil mar sprioc léi iasc a sháinniú, a ghaistiú nó a chur i bhfostú trí ghluaiseacht le sruth ar bharr an uisce nó san uisce;

(13) ciallaíonn “eangacha geolbhaigh domhainmhara” e.g. traimlí, eangacha socraithe, eangacha ar ancaire, nó eangacha suncála, sreangáin de bhalla-líontáin shingile, dhúbailte nó thriaracha, a choinnítear go hingearach, ag an ngrinneall nó i ngar dó, ina ndéanfar an t-iasc a ghaistiú, a sháinniú nó a chur i bhfostú. Bíonn eangacha geolbhaigh domhainmhara comhdhéanta de líontáin shingile nó, ní chomh minic céanna, de líontáin dhúbailte nó thriaracha a bhíonn crochta le chéile ar na rópaí fráma céanna. Is féidir roinnt cineálacha éagsúla eangach a chur le chéile in aon trealamh amháin. Is féidir na heangacha sin a úsáid ina n-aonar nó, mar a dhéantar de ghnáth, go leor eangach a chur le chéile i líne (“scuainí” eangach). Is féidir an trealamh a shocrú, a chur ar ancaire ar an ngrinneall nó é a fhágáil le sruth, go saor nó ceangailte den soitheach;

(14) ciallaíonn “Páirtí Comhoibríoch Neamhchonarthach in SPRFMO” (PCN) Stát nó eintiteas iascaireachta nach páirtí é i gCoinbhinsiún SPRFMO ach atá tar éis a aontú go gcomhoibreoidh sé go hiomlán le cur chun feidhme bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO;

(15) ciallaíonn “taifead SPRFMO soithí” an liosta soithí iascaireachta atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i Limistéar Coinbhinsiúin SPRFMO, mar atá fógartha ag na Páirtithe Conarthacha agus na PCNanna ar liosta é a chothabhálann Rúnaíocht SPRFMO;

(16) ciallaíonn “trasloingsiú” na táirgí iascaigh go léir atá ar bord soitheach iascaireachta nó aon chuid díobh sin a dhíluchtú chuig soitheach iascaireachta eile;

(17) ciallaíonn “speicis eile is ábhar imní” na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn XIII;

(18) ciallaíonn “éiceachóras muirí leochaileach” (ÉML) aon éiceachóras muirí a bhfuil a shláine (i.e. struchtúr nó feidhm an éiceachórais) faoi bhagairt, de réir na faisnéise eolaíochta is fearr dá bhfuil ar fáil agus de réir phrionsabal an réamhchúraim, ó thionchair dhochracha shuntasacha atá ann mar thoradh ar theagmháil fhisiciúil le trealamh grinnill i ngnáthchúrsa oibríochtaí iascaireachta, lena n-áirítear rífeanna, tuláin ghrinnill, poill hidriteirmeacha, coiréalaigh uisce fhuair nó leapacha spúinse uisce fhuair.

TEIDEAL II

BEARTA BAINISTÍOCHTA, CAOMHNAITHE AGUS RIALAITHE I dTACA LE SPEICIS ÁIRITHE

CAIBIDIL I

*Bolmáin shileacha (***Trachurus murphyi***)*

Airteagal 5

Faisnéis maidir le hídiú cuóta le haghaidh bolmáin Shileacha

Déanfaidh na Ballstáit dáta dúnta d'iascach le haghaidh bolmáin Shileacha a bhfuil 100 % den teorainn ghabhála bainte amach aige a chur in iúl don Choimisiún gan mhoill. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tharchur go pras chuig Rúnaíocht SPRFMO.

▼B

Airteagal 6

Clúdach breathnóra maidir le hiascach bolmán Sileach

Déanfaidh na Ballstáit clúdach breathnóra eolaíoch a áirithiú i leith 10 % ar a laghad de na turais a dhéanann soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu. I gcás soithí iascaireachta nach ndéanann níos mó ná dhá thuras in aghaidh na bliana, déanfar an clúdach breathnóra 10 % a ríomh faoi threoir laethanta iascaireachta gníomhaí do thrálaeir agus faoi threoir socruithe do bháid pheasaighne.

Airteagal 7

Tuairisciú sonraí maidir le bolmáin Shileacha

1. Déanfaidh na Ballstáit, faoin 15ú lá de gach mí, na gabhálacha bolmán Sileach ón mí roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 20ú lá de gach mí.

2. De bhreis ar mhír 1, déanfaidh na Ballstáit na sonraí seo a leanas maidir le hiascaigh bholmán Sileach a thuairisciú don Choimisiún:

▼M1

(a) faoin 15ú lá de gach mí, an liosta soithí iascaireachta faoina mbratach a bhí ag iascaireacht go gníomhach nó ag gabháil do thrasloingsiú i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO sa mhí roimhe sin. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 20ú lá de gach mí;

(b) tráth nach déanaí ná 45 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO, an tuarascáil eolaíoch bhliantúil lena gcumhdaítear an bhliain roimhe sin, lena n-áirítear sonraí breathnóra a mhéid is féidir. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 30 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO.

▼B

Airteagal 8

Deiseanna iascaireachta le haghaidh bolmán Sileach a chionroinnt

I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nuair a bheidh na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic de bholmáin Shileacha a bheidh ar fáil dóibh á gcionroinnt acu, úsáidfidh na Ballstáit critéir thrédhearcacha oibiachtúla, lena n-áirítear critéir de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha, agus féachfaidh siad le cuótaí náisiúnta a dháileadh go cothrom ar chodanna éagsúla na gcabhlach, agus le dreasachtaí a sholáthar do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a mbeidh trealamh roghnaitheach iascaireachta á úsáid acu nó a mbeidh teicnící iascaireachta á n-úsáid acu ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol.

▼B

CAIBIDIL II

Éanlaith mhara

Airteagal 9

Bearta maolúcháin do bháid spiléar i dtaca le héanlaith mhara

1. Tiocfaidh gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a úsáideann spiléir faoi réir na mbeart maolúcháin i dtaca le héanlaith mhara a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Bainfidh gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a úsáideann spiléir ghrinnill úsáid as líne mheáchain agus as línte tori (línte scanraithe éan).

3. Ní shocróidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais spiléir i rith uaireanta an dorchadais.

4. Déanfar líne-ualú a rigeáil i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

5. Déanfar línte scanraithe éan a rigeáil i gcomhréir le hIarscríbhinn II.

6. Toirmeascfar ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais scairteach a sceitheadh le linn lámhach agus tarlú a dhéanamh. I gcás nach bhfuil sé sin indéanta agus nuair is gá bithdhramhaíl a sceitheadh mar gheall ar cheisteanna slándála oibriúcháin, déanfaidh soithí dramhaíl a bhaisceadh ar feadh 2 uair an chloig nó níos mó.

Airteagal 10

Bearta maolúcháin do thrálaeir i dtaca le héanlaith mhara

1. Tiocfaidh gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a úsáideann trealamh tráil faoi réir na mbeart maolúcháin i dtaca le héanlaith mhara a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Le linn iascaireacht a dhéanamh, bainfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais úsáid as dhá líne scanraithe éan nó, má choisceann na cleachtais oibríochtúla úsáid éifeachtach dhá líne scanraithe éan, bainfidh siad úsáid as sciath éan.

3. Déanfar sciatha éan a rigeáil i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

4. I gcás inar féidir é, toirmeascfar ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais scairteach a sceitheadh le linn lámhach agus tarlú a dhéanamh.

5. I gcás inar féidir agus inarb iomchuí, déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais scairteach a thiontú ina min éisc agus coimeádfaidh siad gach dramhábhar, agus is sceitheadh leachta/uisce sumpa amháin a bheidh in aon sceitheadh. I gcás nach bhfuil sé sin indéanta agus i gcás nach iomchuí sin, déanfaidh soithí iascaireachta dramhaíl a bhaisceadh ar feadh 2 uair an chloig nó níos mó.

6. I gcás inar féidir é, glanfar líonta tar éis gach oibríochta iascaireachta chun iasc i bhfostú agus ábhar beantach a bhaint amach d'fhonn idirghníomhaíocht le héin nuair atá trealamh á úsáid a dhíspreagadh.

7. Déanfar an t-am a mbíonn an líon ar dhromchla an uisce le linn tarlú a íoslaghdú trí chothabháil chuí crann tochrais agus trí chleachtais mhaithe deice.

▼B

Airteagal 11

Tuairisciú sonraí faoi éanlaith mhara

Sa tuarascáil eolaíochta bhliantúil dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 7(2), tabharfaidh na Ballstáit léiriú ar na nithe seo a leanas:

(a) na bearta maolúcháin i dtaca le héanlaith mhara arna n-úsáid ag gach soitheach iascaireachta a raibh a mbratach ar foluain acu agus a bhí ag iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;

(b) an leibhéal clúdaigh breathnóra atá tiomnaithe d'fhoghabhálacha d'éanlaith mhara a thaifeadadh;

(c) aon sonraí maidir le hidirghníomhaíocht idir éanlaith mhara a thugtar faoi deara.

TEIDEAL III

BEARTA BAINISTÍOCHTA, CAOMHNAITHE AGUS RIALAITHE MAIDIR LE MODHANNA IASCAIREACHTA ÁIRITHE

CAIBIDIL I

Iascaireacht ghrinnill

Airteagal 12

Údarú chun iascaireacht ghrinnill a dhéanamh

1. Ní údaróidh na Ballstáit do shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu iascaireacht ghrinnill a dhéanamh gan údarú a fháil ó SPRFMO roimh ré.

2. Déanfaidh Ballstáit a mbeartaíonn a soithí gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill a dhéanamh i Limistéar Coinbhinsiúin SPRFMO iarraidh ar údarú a chur faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 45 lá roimh an gcruinniú de Choiste Eolaíoch SPRFMO ag ar mian leo go ndéanfaí an iarraidh a bhreithniú. Déanfaidh an Coimisiún an iarraidh a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 30 lá roimh an gcruinniú de Choiste Eolaíoch SPRFMO. Beidh an méid seo a leanas san áireamh san iarraidh:

(a) an lorg iascaireachta grinnill, bunaithe ar an teist maidir le gabhálacha ó iascaireacht ghrinnill nó ar iarracht na hiascaireachta grinnill i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO thar an tréimhse ón 1 Eanáir 2002 go dtí an 31 Nollaig 2006 de réir mar a bheidh bunaithe ag an mBallstát lena mbaineann;

(b) an meánleibhéal gabhála bliantúil thar an tréimhse ón 1 Eanáir 2002 go dtí an 31 Nollaig 2006;

(c) measúnú tionchair ar iascaireacht ghrinnill;

(d) meastóireacht i dtaobh an gcuireann na gníomhaíochtaí atá beartaithe bainistíocht inbhuanaithe chun cinn i dtaca le spriocspeicis agus speicis nach spriocspeicis iad a ghabhtar mar fhoghabháil, agus an gcosnaíonn na gníomhaíochtaí sin na héiceachórais mhuirí ina bhfuil na hacmhainní sin ar marthain, lena n-áirítear trí chosc a chur ar thionchair dhochracha shuntasacha ar ÉMLanna.

▼B

3. Déanfar an measúnú tionchair dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 i gcomhréir leis na Treoirlínte Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Iascaigh Dhomhainfharraige ar an Mórmhuir ón Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta a foilsíodh in 2009 (“Treoirlínte ó EBT maidir le hIascach Domhainfharraige”) agus cuirfear san áireamh ann Caighdeán SPRFMO maidir le Measúnú Tionchair ar Iascach Grinnill agus limistéir arb eol, nó ar dóigh, ina leith go bhfuil ÉMLanna ar marthain iontu.

4. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh SPRFMO maidir leis an údarú chun iascaireacht ghrinnill a dhéanamh i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a ndearnadh an measúnú tionchair ina leith a chur in iúl don Bhallstát ábhartha, lena n-áirítear aon choinníollacha a ghabhann leis an údarú agus na bearta ábhartha chun tionchair dhochracha shuntasacha ar ÉMLanna a chosc.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na measúnuithe tionchair dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 a uasdátú nuair a tharlaíonn athrú substaintiúil san iascach ar dóigh dó tionchar a bheith aige ar ÉMLanna, agus déanfaidh siad an fhaisnéis sin a tharchur chuig an gCoimisiún, a luaithe a bheidh sí ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO.

Airteagal 13

Iascaireacht ghrinnill lasmuigh den lorg iascaireachta grinnill nó a sháraíonn leibhéil ghabhála na tréimhse tagartha

1. Ní údaróidh na Ballstáit do shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu iascaireacht ghrinnill a dhéanamh lasmuigh den lorg iascaireachta grinnill ná iascaireacht ghrinnill a dhéanamh a sháraíonn leibhéil ghabhála na tréimhse tagartha, gan údarú a fháil ó SPRFMO roimh ré.

2. Ballstáit a mbeartaíonn a soithí iascaireacht a dhéanamh lasmuigh den lorg iascaireachta grinnill nó a mbeartaíonn a soithí dul thar an meánleibhéal gabhála bliantúil dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 12(2), cuirfidh siad iarraidh ar údarú faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 80 lá roimh an gcruinniú de Choiste Eolaíoch SPRFMO sa bhliain ag ar mian leo go ndéanfaí an iarraidh a bhreithniú. Déanfaidh an Coimisiún an iarraidh a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 60 lá roimh an gcruinniú de Coiste Eolaíoch SPRFMO. Beidh an méid seo a leanas san áireamh san iarraidh:

(a) measúnú tionchair ar iascaireacht ghrinnill;

(b) meastóireacht i dtaobh an gcuireann na gníomhaíochtaí atá beartaithe bainistíocht inbhuanaithe chun cinn, i dtaca le spriocspeicis agus speicis nach spriocspeicis iad a ghabhtar mar fhoghabháil, agus an gcosnaíonn na gníomhaíochtaí sin na héiceachórais mhuirí ina bhfuil na hacmhainní sin ar marthain, lena n-áirítear trí chosc a chur ar thionchair dhochracha shuntasacha ar ÉMLanna.

3. Déanfar an measúnú tionchair dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír (2) i gcomhréir le Treoirlínte ó EBT maidir le hIascach Domhainfharraige agus cuirfear san áireamh ann Caighdeán SPRFMO maidir le Measúnú Tionchair ar Iascach Grinnill agus limistéir arb eol, nó ar dóigh, ina leith go bhfuil ÉMLanna ar marthain iontu.

▼B

4. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh SPRFMO maidir leis an údarú chun iascaireacht ghrinnill a dhéanamh laistigh de Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a ndearnadh an measúnú tionchair ina leith a chur in iúl don Bhallstát ábhartha, lena n-áirítear aon choinníollacha a ghabhann leis an údarú agus na bearta cuí chun tionchair dhochracha shuntasacha ar ÉMLanna a chosc.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na measúnuithe tionchair dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 a uasdátú nuair a tharlaíonn athrú san iascach ar dóigh dó tionchar a bheith aige ar ÉMLanna, agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún, a luaithe a bheidh sí ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO.

Airteagal 14

ÉMLanna i gcomhthéacs na hiascaireachta grinnill

1. Go dtí go mbeidh comhairle forbartha ag Coiste Eolaíoch SPRFMO maidir le leibhéil tairsí, bunóidh na Ballstáit leibhéil tairsí i ndáil le teagmháil le ÉMLanna i gcás soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu, agus aird á tabhairt ar mhír 68 de na Treoirlínte ó EBT maidir le hIascach Domhainfharraige.

2. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu scor d'iascaireacht ghrinnill a dhéanamh laistigh de 5 mhuirmhíle ó aon láithreán i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO inar mó na teagmhálacha ná na leibhéil tairsí a bhunaítear de bhun mhír 1 den Airteagal seo. Tuairisceoidh na Ballstáit teagmhálacha le ÉMLanna don Choimisiún ar bhonn na dtreoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO gan mhoill.

Airteagal 15

Clúdach breathnóra maidir le hiascaireacht ghrinnill

Áiritheoidh na Ballstáit clúdach breathnóra 100 % i gcás trálaeir a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a ghabhann d'iascaireacht ghrinnill agus áiritheoidh siad clúdach breathnóra 10 % ar a laghad i gcás soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a úsáideann trealamh eile iascaireachta grinnill.

Airteagal 16

Tuairisciú sonraí maidir le hiascaireacht ghrinnill

1. Faoin 15ú lá de gach mí, déanfaidh na Ballstáit na gabhálacha speiceas iascaireachta grinnill ón mí roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Faoin 15ú lá de gach mí, tabharfaidh na Ballstáit liosta don Choimisiún de na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá ag iascaireacht go gníomhach agus de na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá ag gabháil do thrasloingsiú. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO laistigh de 5 lá tar éis dó í a fháil.

3. Toirmeascfaidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu páirt a ghlacadh in iascaireacht ghrinnill más rud é nach soláthraítear na sonraí riachtanacha íosta maidir le céannacht soithigh iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

▼B

CAIBIDIL II

Iascach taiscéalaíoch

Airteagal 17

Údarú maidir le hiascach taiscéalaíoch

1. Déanfaidh na Ballstáit a bheartaíonn údarú a thabhairt do shoitheach iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige iascaireacht a dhéanamh in iascach taiscéalaíoch an méid seo a leanas a chur faoi bhráid an Choimisiúin, tráth nach déanaí ná 80 lá roimh an gcruinniú de Choiste Eolaíoch SPRFMO:

(a) iarraidh ar údarú ina soláthraítear an fhaisnéis atá in Iarscríbhinn V;

(b) Plean Oibríochta Iascaigh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, lena n-áirítear gealltanas chun Plean SPRFMO maidir le Bailiú Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(3), (4) agus (5) a chomhlíonadh.

2. Tráth nach déanaí ná 60 lá roimh an gcruinniú de Choiste Eolaíoch SPRFMO, déanfaidh an Coimisiún an iarraidh a chur ar aghaidh chuig Coimisiún SPRFMO agus cuirfidh sé an Plean Oibríochta Iascaigh ar aghaidh chuig Coiste Eolaíoch SPRFMO.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh SPRFMO maidir leis an údarú chun iascaireacht a dhéanamh in iascach taiscéalaíoch a chur in iúl do na Ballstáit.

Airteagal 18

Iascach taiscéalaíoch

1. Ní údaróidh na Ballstáit do shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu iascaireacht a dhéanamh in iascach taiscéalaíoch gan údarú a fháil ó SPRFMO roimh ré.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh aon soitheach iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain aige iascaireacht in iascach taiscéalaíoch ach amháin i gcomhréir le Plean Oibríochta Iascaigh atá formheasta ag SPRFMO.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar na sonraí a éilítear de réir Phlean SPRFMO maidir le Bailiú Sonraí a sholáthar don Choimisiún agus déanfaidh an Coimisiún na sonraí sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO.

4. Déanfar soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe chun bheith páirteach in iascach taiscéalaíoch a thoirmeasc ó leanúint d'iascaireacht a dhéanamh san iascach taiscéalaíoch ábhartha ach amháin má cuireadh na sonraí a shonraítear i bPlean SPRFMO maidir le Bailiú Sonraí don séasúr is déanaí ina ndearnadh an iascaireacht faoi bhráid Rúnaíocht SPRFMO agus más rud é go raibh an deis ag Coiste Eolaíoch SPRFMO na sonraí sin a athbhreithniú.

5. Áiritheoidh na Ballstáit a mbeidh a soithí iascaireachta páirteach in iascach taiscéalaíoch go mbeidh ar a laghad breathnóir neamhspleách amháin nó níos mó ar bord gach soithigh iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige de réir mar is gá chun sonraí a bhailiú i gcomhréir le Plean SPRFMO maidir le Bailiú Sonraí.

▼B

Airteagal 19

Soithí iascaireachta ionaid in iascach taiscéalaíoch

1. D'ainneoin Airteagal 17 agus Airteagal 18, féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt do shoitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aige agus nach bhfuil sainaitheanta sa Phlean Oibríochta Iascaigh iascaireacht a dhéanamh in iascach taiscéalaíoch más rud é go gcoisctear ar shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais atá sainaitheanta sa Phlean Oibríochta Iascaigh iascaireacht a dhéanamh de bharr cúiseanna dlisteanacha oibríochtúla nó *force majeure*. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin gan mhoill agus soláthróidh sé an méid seo a leanas:

(a) mionsonraí iomlána faoin soitheach ionaid atá beartaithe;

(b) cuntas cuimsitheach ar na cúiseanna le soitheach ionaid a bheith ag teastáil agus aon fhianaise thacaíochta ábhartha;

(c) sonraíochtaí agus tuairisc iomlán faoi na cineálacha trealaimh iascaireachta atá le húsáid ag an soitheach ionaid.

2. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO gan mhoill.

CAIBIDIL III

Sruthlíonta peiligeacha ar mhórscála, eangacha geolbhaigh domhainmhara agus eangacha geolbhaigh eile

Airteagal 20

Sruthlíonta peiligeacha ar mhórscála agus eangacha geolbhaigh domhainmhara

Déanfar úsáid sruthlíonta peiligeacha ar mhórscála agus úsáid gach eangaí geolbhaigh domhainmhara a thoirmeasc ar fud Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO.

Airteagal 21

Eangacha geolbhaigh

Na Ballstáit a mbeartaíonn a soithí Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a thrasnú le heangacha geolbhaigh ar bord, déanfaidh siad:

(a) réamhfhógra de 36 uair an chloig ar a laghad a thabhairt do Rúnaíocht SPRFMO roimh don soitheach dul isteach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, lena n-áirítear na dátaí iontrála agus imeachta a mheastar a bheidh i gceist agus fad na heangaí geolbhaigh atá á hiompar ar bord;

(b) a áirithiú go mbeidh córas um fhaireachán soithí (VMS) á fheidhmiú ag soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu a thuairisceoidh uair amháin gach 2 uair an chloig fad is atá siad laistigh de Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;

(c) tuairiscí suímh VMS a chur faoi bhráid Rúnaíocht SPRFMO laistigh de 30 lá tar éis don soitheach Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a fhágáil; agus

(d) i gcás ina gcailltear eangacha geolbhaigh de thaisme nó má thiteann siad thar bord ón soitheach, tuairisc maidir leis an dáta, an t-am, an suíomh agus fad (méadair) na n-eangach geolbhaigh a cailleadh a chur chuig Rúnaíocht SPRFMO a luaithe agus is féidir agus in aon chás laistigh de 48 uair an chloig tar éis don trealamh a bheith caillte nó tite thar bord.

▼B

TEIDEAL IV

COMHBHEARTA RIALAITHE

CAIBIDIL I

Údaruithe

Airteagal 22

Taifead SPRFMO soithí

1. Faoin 15 Samhain gach bliain, déanfaidh na Ballstáit liosta de na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO sa bhliain dár gcionn a chur faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áirítear an fhaisnéis atá luaite in Iarscríbhinn V. Déanfaidh an Coimisiún an liosta sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh stair chomhlíontachta soithí agus oibreoirí iascaireachta nuair atá breithniú á dhéanamh acu i dtaobh údaruithe a eisiúint do Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO.

2. Déanfaidh na Ballstáit fógra faoi shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i Limistéar Coinbhinsiúin SPRFMO a thabhairt don Choimisiún 20 lá ar a laghad roimh an dáta a théann soithí den sórt sin isteach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO den chéad uair. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO 15 lá ar a laghad roimh an dáta a théann an soitheach lena mbaineann isteach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO den chéad uair.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na sonraí faoi shoithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO cothrom le dáta. Tabharfar fógra don Choimisiún faoi aon mhodhnú tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis an mhodhnaithe sin. Cuirfidh an Coimisiún Rúnaíocht SPRFMO ar an eolas laistigh de 5 lá tar éis dó fógra den sórt sin a fháil.

4. I gcás ina ndéantar údarú a chúlghairm nó a thréigean, nó in aon imthosca eile a fhágann go bhfuil údarú neamhbhailí, cuirfidh na Ballstáit an méid sin in iúl don Choimisiún gan mhoill ionas gur féidir leis an gCoimisiún an fhaisnéis sin a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO laistigh de thréimhse 3 lá tar éis an dáta a ndéantar an t-údarú neamhbhailí.

5. Ní bheidh cead ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuil i dtaifead SPRFMO soithí gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i gcás speicis faoi fhreagracht SPRFMO a fhaightear i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO.

CAIBIDIL II

Trasloingsiú

Airteagal 23

Forálacha ginearálta maidir le trasloingsiú

1. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na hoibríochtaí trasloingsithe a chuirtear i gcrích:

▼B

(a) laistigh de Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO i ndáil le hacmhainní iascaigh SPRFMO, agus speicis eile a gabhadh i gcomhthráth leis na hacmhainní sin agus a fuarthas i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;

(b) lasmuigh de Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO i ndáil le hacmhainní iascaigh SPRFMO agus speicis eile a gabhadh i gcomhthráth leis na hacmhainní sin agus a fuarthas i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO.

2. Ní dhéanfar trasloingsiú ar muir agus i gcalafoirt ach amháin idir soithí iascaireachta atá san áireamh i dtaifead SPRFMO soithí.

3. Ar muir, ní rachfar i mbun aistriú breosla, criú, trealaimh nó aon soláthairtí eile i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO ach amháin idir soithí iascaireachta atá san áireamh i dtaifead SPRFMO soithí.

4. Toirmeascfar in uiscí an Aontais oibríochtaí trasloingsithe ar muir i ndáil le hacmhainní iascaigh SPRFMO, agus i ndáil le speicis eile a gabhadh i gcomhthráth leis na hacmhainní sin agus a fuarthas i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO.

Airteagal 24

Fógra a thabhairt maidir le trasloingsiú bolmán Sileach agus speiceas grinnill

1. Beag beann ar an áit ina dtarlaíonn an trasloingsiú, i gcás trasloingsiú bolmán Sileach agus speiceas grinnill arna ngabháil i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais, déanfaidh údaráis an Bhallstáit brataí an fhaisnéis seo a leanas a tharchur, an tráth céanna, chuig an gCoimisiún agus chuig Rúnaíocht SPRFMO:

(a) fógra á rá go bhfuil rún acu trasloingsiú a dhéanamh, ina luafar tréimhse 14 lá ina bhfuil sé beartaithe an trasloingsiú bolmán Sileach agus speiceas grinnill arna ngabháil i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a dhéanamh, ar fógra é a gheofar ar a laghad 7 lá roimh an gcéad lá den tréimhse 14 lá sin.

(b) fógra maidir leis an trasloingsiú féin, a gheofar ar a laghad 12 uair roimh an am a meastar go ndéanfar na gníomhaíochtaí sin.

Féadfaidh na Ballstáit a údarú d'oibreoir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais an fhaisnéis sin a tharchur go díreach chuig Rúnaíocht SPRFMO trí mheán leictreonach ach sin faoi réir an fhaisnéis a tharchur an tráth céanna chuig an gCoimisiún.

2. I gcomhréir le hIarscríbhinn VII, áireofar sna fógraí sin dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil maidir leis an oibríocht trasloingsithe, lena n-áirítear an dáta agus an t-am measta, an suíomh ionchasach, an t-iascach, agus faisnéis faoi na soithí iascaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann.

▼B

Airteagal 25

Faireachán ar thrasloingsiú bolmán Sileach agus speiceas grinnill

1. Má tá breathnóir ar bord an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil díluchtú nó glacadh á dhéanamh aige, déanfaidh an breathnóir faireachán ar na gníomhaíochtaí trasloingsithe. Comhlánóidh an breathnóir bileog loga trasloingsithe SPRFMO i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII chun cainníocht agus speicis na dtáirgí iascaigh atá á dtrasloingsiú a fhíorú, agus soláthróidh an breathnóir cóip den bhileog loga d'údaráis inniúla an Bhallstáit a bhfuil a bhratach ar foluain ag an soitheach a ndearnadh breathnóireacht air.

2. Déanfaidh an Ballstát a bhfuil a bhratach ar foluain ag an soitheach iascaireachta sonraí an bhreathnóra ar bhileog loga trasloingsithe SPRFMO a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 10 lá ón tráth a dtagann an breathnóir i dtír. Déanfaidh an Coimisiún na sonraí sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO laistigh de 15 lá ón dáta a dtagann an breathnóir i dtír.

3. Chun cainníocht agus speicis na dtáirgí iascaigh atá á dtrasloingsiú a fhíorú, agus chun a áirithiú gur féidir fíorú cuí a dhéanamh, beidh rochtain iomlán ag an mbreathnóir ar bord ar an soitheach iascaireachta de chuid an Aontais atá á bhreathnú, lena n-áirítear rochtain ar an gcriú, ar na fearais, ar an trealamh, ar na taifid (lena n-áirítear i bhformáid leictreonach) agus ar na boilg.

Airteagal 26

Faisnéis atá le tuairisciú tar éis bolmáin Shileacha agus speicis ghrinnill a thrasloingsiú

1. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil baint ag a soithí leis an oibríocht trasloingsithe fógra a thabhairt faoi na mionsonraí oibríochtúla go léir, an tráth céanna, do Rúnaíocht SPRFMO agus don Choimisiún i gcomhréir le hIarscríbhinn IX agus tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an trasloingsiú a dhéanamh.

2. Féadfaidh na Ballstáit a údarú d'oibreoir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a tharchur go díreach chuig Rúnaíocht SPRFMO trí mheán leictreonach, ach sin faoi réir an fhaisnéis a tharchur an tráth céanna chuig an gCoimisiún. Déanfar aon iarraidh ar shoiléiriú a fhaigheann oibreoir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais ó Rúnaíocht SPRFMO a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

CAIBIDIL III

Sonraí a bhailiú agus a thuairisciú

Airteagal 27

Sonraí a bhailiú agus a thuairisciú

1. De bhreis ar na ceanglais maidir le tuairisciú sonraí a leagtar amach in Airteagail 7, 11, 14, 16, 18, 25 agus 26, déanfaidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO na sonraí a leagtar amach i mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo a sholáthar don Choimisiún.

▼B

2. Faoin 15 Meán Fómhair gach bliain, déanfaidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO an beomheáchan i leith na speiceas/na ngrúpaí speiceas go léir a gabhadh i rith na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 30 Meán Fómhair.

3. Faoin 15 Meitheamh gach bliain, déanfaidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO na sonraí maidir le gníomhaíocht trálaeireachta, ar bhonn gach tarraingt ar leith, a thuairisciú don Choimisiún; na sonraí faoi spiléireacht ghrinnill, ar bhonn gach tacar ar leith; agus na sonraí faoi thabhairt i dtír, lena n-áirítear soithí cuisnithe, agus faoi thrasloingsiú. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 30 Meitheamh.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais mhionsonraithe a leagan síos maidir leis an tuairisciú sonraí dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chur feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 45(2).

CAIBIDIL IV

Cláir bhreathnóra

Airteagal 28

Cláir bhreathnóra

1. Déanfaidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO cláir bhreathnóra a bhunú chun na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn X a bhailiú.

2. Faoin 15 Meán Fómhair gach bliain, déanfaidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO na sonraí breathnóra is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn X agus a chlúdaíonn an bhliain féilire roimhe sin a sholáthar don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 30 Meán Fómhair.

3. Faoin 15 Lúnasa gach bliain, soláthróidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO tuarascáil bhliantúil faoi chur chun feidhme an chláir breathnóra sa bhliain roimhe sin. Áireofar sa tuarascáil sin oiliúint breathnóra, dearadh agus clúdach an chláir, cineál na sonraí a bailíodh, agus aon fhadhbanna a tháinig chun cinn i rith na bliana. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 1 Meán Fómhair.

Airteagal 29

Córas um fhaireachán soithí

1. Leis an ngléas rianaithe satailíte suiteáilte ar bord soithí iascaireachta de chuid an Aontais, áiritheofar go ndéanfar sonraí VMS le hearráid suímh a bheidh níos lú ná 100 méadar faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin loingseoireachta satailíte a tharchur go huathoibríoch chuig lárionad faireacháin iascaigh (LFI) an Bhallstát brataí.

▼B

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a gcuid LFIanna sonraí VMS soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu atá ag gabháil d'iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a thuairisciú go huathoibríoch agus go leantach chuig Rúnaíocht SPRFMO ar a laghad uair amháin in aghaidh na huaire agus go bhfuil gléasanna rianaithe satailíte suiteáilte ar bord soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu in ann sonraí VMS a thuairisciú gach 15 nóiméad ar a laghad.

3. Chun críche Airteagal 9(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áireofar i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO crios de 100 muirmhíle lasmuigh de Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, agus beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo laistigh den chrios sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, do shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu, i gcás ina bhfuil aeróg an ghléis rianaithe satailíte crochta ar leithligh ón imfhálú fisiciúil, go n-úsáidfear aeróg coiteann amháin don díchódóir loingseoireachta satailíte agus don tarchuradóir loingseoireachta satailíte araon, agus go mbeidh an t-imfhálú fisiciúil ceangailte den aeróg le píosa amháin cábla neamhbhriste.

CAIBIDIL V

Rialú soithí iascaireachta tríú tír i gcalafoirt de chuid na mBallstát

Airteagal 30

Pointí teagmhála agus calafoirt ainmnithe

1. Aon Bhallstát ar mian leis rochtain ar a chalafoirt a thabhairt do shoithí iascaireachta tríú tír atá ag iompar táirgí iascaigh SPRFMO a gabhadh i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO nó táirgí iascaigh de thionscnamh na n-acmhainní sin nár tugadh i dtír ná nár trasloingsíodh roimhe sin i gcalafort nó ar muir, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) na calafoirt ar féidir le soithí tríú tír cead a iarraidh chun dul isteach iontu a ainmniú de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(b) pointe teagmhála a ainmniú chun críocha réamhfhógra a fháil de bhun Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(c) pointe teagmhála a ainmniú chun críocha tuarascálacha cigireachta a fháil de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

2. Déanfaidh na Ballstáit aon athruithe ar liosta na bpointí teagmhála ainmnithe agus na gcalafort ainmnithe a tharchur chuig an gCoimisiún 40 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO 30 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe sin.

▼B

Airteagal 31

Réamhfhógra

1. De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, ceanglóidh na Ballstáit chalafoirt ar shoithí iascaireachta tríú tír a bheartaíonn acmhainní iascaigh SPRFMO nár tugadh i dtír ná nár trasloingsíodh roimhe sin a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú i gcalafoirt de chuid na mBallstát sin an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar, i gcomhréir le hIarscríbhinn XI, tráth nach déanaí ná 48 uair an chloig roimh an am a meastar go mbainfear an calafort amach:

(a) aitheantas an tsoithigh (aitheantas seachtrach, ainm, bratach, uimhir na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), más ann di, agus comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (IRCS));

(b) ainm an chalafoirt ainmnithe a bhfuil an soitheach iascaireachta ag iarraidh cead isteach ann agus an chúis a bhfuiltear ag iarraidh teacht isteach sa chalafort (tabhairt i dtír nó trasloingsiú);

(c) cóip den údarú iascaireachta nó, más iomchuí, aon údarú eile atá ag an soitheach iascaireachta mar thacaíocht d'oibríochtaí maidir le táirgí iascaigh SPRFMO nó údarú chun táirgí iascaigh den sórt sin a thrasloingsiú;

(d) an dáta agus an t-am a meastar go mbainfear an calafort amach;

(e) cainníochtaí measta gach táirge iascaigh SPRFMO ar leith atá á choinneáil ar bord, ina gcileagraim, mar aon leis na limistéir ghabhála ghaolmhara. Más rud é nach bhfuil aon táirgí iascaigh SPRFMO á gcoimeád ar bord, déanfar tuarascáil "nialas" a tharchur;

(f) cainníochtaí measta gach táirge iascaigh SPRFMO ar leith atá le tabhairt i dtír nó le trasloingsiú, ina gcileagraim, mar aon le limistéir ghabhála ghaolmhara;

(g) liosta chriú an tsoithigh iascaireachta;

(h) dátaí an turais iascaireachta.

2. Más rud é go n-iompraíonn an soitheach iascaireachta tríú tír táirgí iascaigh SPRFMO ar bord, beidh deimhniú gabhála arna bhailíochtú i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ag gabháil leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le mír 1.

3. Féadfaidh na Ballstáit chalafoirt aon fhaisnéis bhreise a iarraidh freisin chun a chinneadh ar ghabh an soitheach iascaireachta d'iascaireacht NNN nó do ghníomhaíochtaí gaolmhara.

4. Féadfaidh na Ballstáit chalafoirt tréimhse fógra níos faide nó níos giorra ná mar atá sonraithe i mír 1 a fhorordú, agus aird á tabhairt, *inter alia*, ar an gcineál táirge iascaigh agus ar an achar idir na fearainn iascaireachta agus a gcalafoirt. I gcás den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit chalafoirt an méid sin in iúl don Choimisiún agus tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis go pras chuig Rúnaíocht SPRFMO.

▼B

Airteagal 32

Údarú chun tabhairt i dtír nó trasloingsiú a dhéanamh i gcalafoirt

Tar éis an fhaisnéis ábhartha a fháil de bhun Airteagal 31, cinnfidh an Ballstát Calafoirt an údarófar nó an ndiúltófar don soitheach iascaireachta tríú tír teacht isteach ina chalafort. I gcás ina ndiúltaítear cead isteach do shoitheach iascaireachta tríú tír, déanfaidh an Ballstát calafoirt é sin a chur in iúl don Choimisiún a dhéanfaidh an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO gan mhoill. Maidir le soithí iascaireachta atá ar liosta soithí NNN SPRFMO, diúltóidh na Ballstáit chalafoirt dóibh teacht isteach ina gcalafoirt.

Airteagal 33

Cigireachtaí calafoirt

1. Déanfaidh na Ballstáit chalafoirt cigireacht ar 5 % ar a laghad d'oibríochtaí tabhairt i dtír agus trasloingsithe i ndáil le táirgí iascaigh SPRFMO arna gcur i gcrích ag soithí iascaireachta tríú tír ina gcalafoirt ainmnithe.

2. Gan dochar d'Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, déanfaidh na Ballstáit chalafoirt cigireacht ar shoithí iascaireachta tríú tír más rud é:

(a) go bhfuil iarraidh ann ó Pháirtí Conarthach eile, ó PCN nó ó RFMO ábhartha go ndéanfar cigireacht ar shoitheach iascaireachta áirithe, go háirithe i gcás tacaíocht a bheith ann d'iarrataí den sórt sin i bhfoirm fianaise ar iascaireacht NNN ag an soitheach iascaireachta i dtrácht, agus tá forais shoiléire ann lena cheapadh gur ghabh soitheach iascaireachta d'iascaireacht NNN;

(b) gur mhainnigh soitheach iascaireachta faisnéis iomlán a sholáthar de réir mar a cheanglaítear in Airteagal 31;

(c) gur diúltaíodh do shoitheach iascaireachta teacht isteach i gcalafort nó calafort a úsáid i gcomhréir le forálacha SPRFMO nó i gcomhréir le forálacha ó RFMO eile.

Airteagal 34

Nós imeachta cigireachta

1. Beidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo de bhreis ar na rialacha maidir leis an nós imeachta cigireachta a leagtar síos in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

2. Iompróidh cigirí as na Ballstáit doiciméad bailí aitheantais. Féadfaidh siad cóipeanna d'aon doiciméid a mheastar a bheith ábhartha a thógáil.

3. Déanfar cigireachtaí a chur i gcrích ar mhodh a fhágann go ndéantar a laghad cur isteach ar an soitheach iascaireachta tríú tír agus go seachnaítear, a mhéid is indéanta, meath cháilíocht na gabhála.

4. Tar éis an chigireacht a chríochnú, tabharfar deis do mháistir an tsoithigh nótaí tráchta nó agóidí ina haghaidh a chur leis an tuarascáil agus teagmháil a dhéanamh le húdarás inniúil an Bhallstáit calafoirt ábhartha maidir leis an tuarascáil chigireachta. Tá an teimpléad don tuarascáil chigireachta le fáil in Iarscríbhinn XII. Cuirfear cóip den tuarascáil ar fáil do mháistir an tsoithigh.

▼B

5. Laistigh de 12 lá oibre ó dháta críochnaithe na cigireachta, déanfaidh an Ballstát calafoirt cóip den tuarascáil chigireachta dá dtagraítear in Airteagal 10(3) agus in Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, agus a comhlánaíodh i gcomhréir le hIarscríbhinn XII den Rialachán seo, a tharchur chuig an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO laistigh de 15 lá oibre ó dháta críochnaithe na cigireachta.

6. Más rud é nach féidir an tuarascáil chigireachta a tharchur chuig an gCoimisiún laistigh de 15 lá oibre lena cur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO, déanfaidh an Ballstát Calafoirt na cúiseanna leis an moill agus an tráth a dtíolacfar an tuarascáil a chur in iúl don Choimisiún in am trátha, chun ligean don Choimisiún Rúnaíocht SPRFMO a chur ar an eolas laistigh den tréimhse 15 lá oibre.

Airteagal 35

Nós imeachta i gcás ina bhfaightear fianaise ar sháruithe ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO le linn cigireachtaí calafoirt

1. Más rud é go soláthraíonn an fhaisnéis a bhailítear le linn na cigireachta fianaise a léiríonn go bhfuil sárú ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO déanta ag soitheach iascaireachta tríú tír, beidh feidhm ag an Airteagal seo de bhreis ar Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

2. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit calafoirt cóip den tuarascáil chigireachta a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 5 lá oibre. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil sin a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO agus chuig Páirtí Conarthach na brataí nó chuig pointe teagmhála PCN gan mhoill.

3. Tabharfaidh na Ballstáit chalafoirt fógra faoin mbeart atá déanta i gcás ina dtarlaíonn sáruithe d'údarás inniúil Pháirtí Conarthach na brataí nó do PCN agus don Choimisiún agus tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO.

CAIBIDIL VI

Forfheidhmiú

Airteagal 36

Sáruithe líomhnaithe ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO arna dtuairisciú ag na Ballstáit

Maidir le haon fhaisnéis dhoiciméadaithe a léiríonn cásanna ina bhféadfadh sé nár chomhlíon aon soitheach iascaireachta i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO bearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO sa 2 bhliain roimhe sin, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin faoi bhráid an Choimisiúin 145 lá ar a laghad roimh chruinniú bliantúil Choimisiún SPRFMO. Scrúdóidh an Coimisiún an fhaisnéis sin agus, más iomchuí, cuirfidh sé ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO í 120 lá ar a laghad roimh an gcruinniú bliantúil.

▼B

Airteagal 37

Soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a áireamh i ndréachtliosta soithí NNN SPRFMO

1. Má fhaigheann an Coimisiún fógra oifigiúil ó Rúnaíocht SPRFMO á rá go bhfuil soitheach iascaireachta de chuid an Aontais curtha san áireamh i ndréachtliosta soithí NNN SPRFMO, déanfaidh sé an fógra, lena n-áirítear an fhianaise thacaíochta agus aon fhaisnéis dhoiciméadaithe eile a chuir Rúnaíocht SPRFMO ar fáil, a tharchur chuig an mBallstát brataí chun tuairimí a fháil ina leith tráth nach déanaí ná 45 lá roimh chruinniú bliantúil Choimisiún SPRFMO. Scrúdóidh an Coimisiún an fhaisnéis sin agus cuirfidh sé ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO í 30 lá ar a laghad roimh an gcruinniú bliantúil.

2. A luaithe a bheidh fógra faighte acu ón gCoimisiún, déanfaidh údaráis an Bhallstáit brataí fógra a thabhairt d'úinéir an tsoithigh iascaireachta á rá go bhfuil an soitheach curtha san áireamh i ndréachtliosta soithí NNN SPRFMO agus cuirfear in iúl don úinéir na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le háireamh an tsoithigh sin ar liosta soithí NNN arna ghlacadh ag SPRFMO.

Airteagal 38

Bearta a bhaineann le soithí iascaireachta a áirítear ar liosta soithí NNN SPRFMO

1. Tar éis ghlacadh liosta soithí NNN SPRFMO, iarrfaidh an Coimisiún ar an mBallstát brataí fógra a thabhairt d'úinéir an tsoithigh iascaireachta atá sainaitheanta ar liosta soithí NNN á rá go bhfuil sé san áireamh ar an liosta agus á chur in iúl na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint háireamh an tsoithigh sin ar an liosta.

2. Aon Bhallstát a bhfuil faisnéis aige a léiríonn go bhfuil athrú tagtha ar ainm nó IRCS soithigh iascaireachta atá ar liosta soithí NNN SPRFMO, déanfaidh sé an fhaisnéis sin a tharchur chuig an gCoimisiún a luaithe is indéanta. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO gan mhoill.

Airteagal 39

Neamhchomhlíonadh líomhnaithe arna thuairisciú ag Rúnaíocht SPRFMO

1. Má fhaigheann an Coimisiún aon fhaisnéis ó Rúnaíocht SPRFMO a léiríonn go bhfuil amhras ann nach raibh Coinbhinsiún SPRFMO agus/nó bearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO á gcomhlíonadh ag Ballstát, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig an mBallstát lena mbaineann gan mhoill.

2. Déanfaidh an Ballstát fionnachtana aon imscrúdaithe a dhéantar i ndáil leis na líomhaintí maidir le neamhchomhlíonadh, agus aon bhearta atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar nithe is ábhar imní ó thaobh comhlíonadh de, a chur in iúl don Choimisiún 45 lá ar a laghad roimh chruinniú bliantúil Choimisiún SPRFMO. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO 30 lá ar a laghad roimh an gcruinniú bliantúil.

▼B

Airteagal 40

Sáruithe líomhnaithe ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO arna dtuairisciú ag Páirtí Conarthach nó ag PCN

1. Ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála chun tuarascálacha cigireachta calafoirt a fháil ó Pháirtithe Conarthacha nó ó PCNanna.

2. Déanfaidh na Ballstáit aon athruithe ar an bpointe teagmhála ainmnithe a tharchur chuig an gCoimisiún 40 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin in iúl do Rúnaíocht SPRFMO 30 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe sin.

3. Má fhaigheann an pointe teagmhála atá ainmnithe ag Ballstát tuarascáil chigireachta ó Pháirtí Conarthach nó ó PCN, ar tuarascáil í ina soláthraítear fianaise go bhfuil sárú déanta ag soitheach iascaireachta a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain aige ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO, imscrúdóidh an Ballstát brataí an sárú líomhnaithe go pras agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi stádas an imscrúdaithe, agus faoi aon bheart forfheidhmithe a d'fhéadfadh a bheith déanta chun a chumasú don Choimisiún Rúnaíocht SPRFMO a chur ar an eolas laistigh de 3 mhí ón bhfógra a fháil. Más rud é nach féidir leis an mBallstát tuarascáil stádais a sholáthar don Choimisiún laistigh de 3 mhí ón tuarascáil chigireachta a fháil, déanfaidh sé, laistigh den tréimhse 3 mhí, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cúiseanna leis an moill agus faoin dáta a dtíolacfar an tuarascáil stádais. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir le stádas an imscrúdaithe, nó maidir leis an moill leis an imscrúdú, a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO.

Airteagal 41

Cliseadh teicniúil an ghléis rianaithe satailíte

1. I gcás cliseadh teicniúil gléis rianaithe satailíte de chuid soithigh iascaireachta de chuid an Aontais, déanfaidh an soitheach sin na sonraí seo a leanas a thuairisciú, trí bhíthin meáin iomchuí teileachumarsáide, do LFI an Bhallstáit a bhfuil a bhratach ar foluain aige gach 4 uair an chloig:

(a) uimhir IMO;

(b) IRCS;

(c) ainm an tsoithigh;

(d) ainm mháistir an tsoithigh;

(e) suíomh (domhanleithead agus domhanfhad), dáta agus am (AUL);

(f) gníomhaíocht (iascaireacht/idirthuras/trasloingsiú).

▼M1

2. I gcás nár réitíodh cliseadh teicniúil an ghairis rianaithe satailíte laistigh de 30 lá ó thús na hoibleagáide tuairiscithe mar a shonraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go scorfaidh soithí faoina mbratach de bheith ag iascaireacht, go stuálfaidh siad gach trealamh iascaireachta agus go bhfillfidh siad ar an gcalafort gan mhoill chun an gaireas rianaithe satailíte a dheisiú.

▼B

3. Beidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo de bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 404/2011.

TEIDEAL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 42

Rúndacht

Maidir le sonraí a bhailítear agus a mhalartaítear faoi chuimsiú an Rialacháin seo, déileálfar leo i gcomhréir leis na rialacha maidir le rúndacht a leagtar amach in Airteagal 112 agus Airteagal 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 43

An nós imeachta i gcomhair leasuithe

Chun leasuithe ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO a ionchorprú i ndlí an Aontais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 44 lena leasaítear an méid seo a leanas:

(a) na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagail 7(1) agus (2), 11, 12(2), 13(2), 16(1) agus (2), 17(1) agus (2), 22(1) go (4), 24(1), 25 (2), 26(1), 27(2) agus (3), 28(2) agus (3), 29(1), 30(2), 31(1), 34(5) agus (6), 35(2) agus (3), 36, 37(1), 39(2), 40(2) agus (3), agus 41 (1) agus (2).

(c) clúdach breathnóra a leagtar síos in Airteagal 6 agus Airteagal 15;

(d) an tréimhse thagartha chun an lorg iascaireachta grinnill in Airteagal 12(2) a chinneadh;

(e) an clúdach cigireachta a leagtar síos in Airteagal 33(1);

(f) an cineál sonraí agus na ceanglais maidir le faisnéis a leagtar síos in Airteagail 7(2), 11, 12(2) agus (3), 13(2) agus (3), 14(1), 16(1) agus (2), 17(1), 18(2) agus (3), 19(1), 24(1), 25(2), 27(2) agus (3), 28(3), 31(1) agus 41(1).

Airteagal 44

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

▼B

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 43 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 19 Iúil 2018. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 43 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 43 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 45

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste um Iascach agus Dhobharshaothrú, a bunaíodh le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 46

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

IARSCRÍBHINN I

Caighdeáin le haghaidh líne-ualú

Déanfaidh soithí córas ualaithe spiléir a úsáid trína mbaintear amach ráta suncála íosta inléirithe i gcás an spiléir, is é sin, ráta íosta 0,3 méadar/soicind in aghaidh an 15 mhéadar de dhoimhneacht trealaimh. Go háirithe:

(a) maidir le línte ualaithe seachtracha sa chóras Spáinneach agus maidir le sodarlínte, déanfar mais 8,5 kg ar a laghad a úsáid ag achair nach faide ná 40 m má úsáidtear carraigeacha, mais 6 kg ar a laghad a úsáid ag achair nach faide ná 20 m i gcás meáchain choincréite, agus meáchain 5 kg ar a laghad a úsáid ag achair nach faide ná 40 m i gcás meáchain miotail sholadacha;

(b) maidir le línte ualaithe seachtracha in uathlíne, déanfar mais 5 kg ar a laghad a úsáid ag achair nach faide ná 40 m agus déanfar í a scaoileadh ó shoithí ar mhodh ina seachnaítear teannas ar gcúl (d'fhéadfadh sé go ndéanfadh teannas ar gcúl codanna den spiléar atá á n-úsáid cheana féin a ardú amach as an uisce);

(c) maidir le línte ualaithe inmheánacha, beidh croíleacán luaidhe 50 g/m ar a laghad acu.

▼B

IARSCRÍBHINN II

Sonraíochtaí a bhaineann le línte scanraithe éan

Beidh dhá líne scanraithe éan á n-iompar i gcónaí agus déanfar iad a úsáid aon uair a bheidh trealamh iascaireachta á shocrú ón soitheach. Go háirithe:

(a) déanfar línte scanraithe éan a cheangal den soitheach ionas go ndéantar na baoití a chosaint leis an líne sraoilleáin nuair atá siad in úsáid fiú amháin nuair a bhíonn trasghaotha ann;

(b) maidir le línte scanraithe éan, déanfar sraoilleáin ghealdathannacha a úsáid ina leith agus iad sách fada chun dromchla na farraige a shroicheadh le linn aimsir chiúin (“sraoilleáin fhada”) agus iad leagtha ag achair nach faide ná 5 m ar feadh an chéad 55 m ar a laghad de líne sraoilleáin agus déanfar iad a cheangal den líne le sclóinte a choisceann ar na sraoilleáin filleadh thart ar an líne;

(c) maidir le línte scanraithe éan, féadfar sraoilleáin atá 1 m ar a laghad ar fad (“sraoilleáin ghearra”) a úsáid leo freisin agus iad leagtha ag achair nach faide ná 1 m;

(d) má bhristear línte scanraithe éan, mó má dhéantar damáiste dóibh, le linn iad a bheith á n-úsáid, déanfar iad a dheisiú, nó línte nua a chur ina n-ionad, ionas go gcomhlíonfaidh an soitheach na sonraíochtaí seo sula dtéann aon duáin eile isteach san uisce;

(e) déanfar línte scanraithe éan a chur á n-úsáid ionas gurb amhlaidh:

(i) go bhfanfaidh siad os cionn dhromchla an uisce nuair a bheidh na duáin suncáilte go doimhneacht 15 m, nó

(ii) go bhfuil fad íosta 150 m iontu nuair atá siad sínte agus ar crochadh ó phointe ar an soitheach atá 7 m ar a laghad os cionn an uisce i gcás nach bhfuil suaitheadh ann san fharraige.

▼B

IARSCRÍBHINN III

Sonraíochtaí a bhaineann le sciath éan

Is é atá i sciath éan dhá cheann nó níos mó de bhumailí arna gceangal le cúl an tsoithigh, agus bumaile amháin acu sin ar a laghad ceangailte le deasbhord an chúil agus bumaile amháin ar a laghad ceangailte le clébhord an chúil:

(a) déanfar gach bumaile ar leith a shíneadh ar feadh achar 4 m ar a laghad ó thaobh an tsoithigh nó ó chúl an tsoithigh;

(b) déanfar línte titimeáin a cheangal leis na bumailí ag achair nach faide ná 2 m óna chéile;

(c) déanfar cóin phlaisteacha, slata plaisteacha nó ábhar gealdathannach marthanach eile a cheangal le foircinn na línte titimeáin ionas nach bhfuil bun an chóin, na slaite nó an ábhair níos faide ná 500 mm os cionn an uisce, i gcás nach bhfuil gaoth agus suaitheadh ann;

(d) féadfar línte nó uige a cheangal idir na línte titimeáin chun dul i bhfostú a chosc.

▼B

IARSCRÍBHINN IV

Treoirlínte maidir le hullmhú agus tíolacadh fógraí faoi theagmháil le ÉMLanna

1. *Faisnéis ghinearálta*

   Cuir isteach sonraí teagmhála, bratach, ainm nó ainmneacha an tsoithigh agus dátaí bailithe sonraí.

2. *Suíomh ÉML*

   Léirigh an suíomh inar tosaíodh agus inar críochnaíodh gach imscaradh trealaimh agus gach breathnóireacht.

   Tabhair léarscáileanna de shuímh iascaireachta, den bhataiméadracht bhunúsach nó den ghnáthóg, mar aon le scála spásúil na hiascaireachta.

   Tabhair léiriú ar an doimhneacht nó ar na doimhneachtaí a ndearnadh iascaireacht inti nó iontu.

3. *Trealamh iascaireachta*

   Léirigh an trealamh iascaireachta a úsáideadh i ngach suíomh ar leith.

4. *Sonraí breise a bailíodh*

   Léirigh na sonraí breise a bailíodh sna suímh, nó gar do na suímh, ina ndearnadh iascaireacht, más féidir sin.

   Sonraí amhail bataiméadracht ilbhíoma, sonraí aigéaneolaíochta amhail próifílí CTD, próifílí reatha, ceimic uisce, cineálacha substráite arna dtaifeadadh sna suímh sin nó gar dóibh, fána eile a breathnaíodh, fístaifeadtaí, próifílí fuaime, etc.

5. *Tacsóin ÉML*

   I gcás gach stáisiún a ndéantar iascaireacht ann, tabhair mionsonraí faoi thacsóin ÉML a breathnaíodh, lena n-áirítear a ndlús coibhneasta, a ndlús iomlánach, nó an líon orgánach más féidir.

▼B

IARSCRÍBHINN V

Caighdeáin maidir le sonraí faoi shoithí

1. Déanfar na réimsí sonraí seo a leanas a bhailiú de bhun Airteagal 16, Airteagal 17 agus Airteagal 22:

(i) Bratach reatha an tsoithigh agus ainm an tsoithigh

(ii) Uimhir chlárúcháin

(iii) IRCS (más ann dó)

(iv) UVI (Aitheantóir Uathúil Soithigh)/uimhir IMO

(v) Ainmneacha roimhe seo (más eol)

(vi) Calafort clárúcháin

(vii) Bratach roimhe seo

(viii) Cineál soithigh

(ix) Cineál modha iascaireachta nó cineál modhanna iascaireachta

(x) Fad

(xi) Cineál faid e.g. “LOA”, “LBP”

(xii) Olltonnáiste — GT (le soláthar mar an t-aonad tonnáiste is fearr)

(xiii) Olltonnáiste cláraithe — GRT (le soláthar mura bhfuil GT ar fáil; féadfar é a sholáthar freisin de bhreis ar GT)

(xiv) Cumhacht an phríomhinnill (na bpríomhinneall) (kw)

▼M1

(xv) Toilleadh an bhoilg ($m^{3;}$ más infheidhme)

▼B

(xvi) An cineál reoiteora (más infheidhme)

(xvii) An líon aonad reo (más infheidhme)

(xviii) Acmhainn reo (más infheidhme)

(xix) Cineál agus uimhreacha cumarsáide an tsoithigh (uimhreacha INMARSAT A, B agus C);

(xx) Mionsonraí an chórais VMS (branda, samhail, gnéithe agus aitheantas)

(xxi) Ainm an úinéara (na n-úinéirí)

(xxii) Seoladh an úinéara (na n-úinéirí)

(xxiii) Dáta tosaithe údarú an tsoithigh

(xxiv) Dáta críochnaithe údarú an tsoithigh

(xxv) Dáta ar áiríodh é ar thaifead SPRFMO soithí

▼M1

(xxvi) Grianghraif dhigiteacha ardtaifigh dea-cháilíochta den soitheach, a bhfuil a ngile agus a gcodarsnacht iomchuí, gan iad a bheith níos sine ná 5 bliana tráth a údaraítear an soitheach den chéad uair, agus an méid seo a leanas iontu:

▼M1

(i) grianghraf amháin ina dtaispeántar deasbhord an tsoithigh, a léiríonn a fad foriomlán agus a gnéithe struchtúracha ina n-iomláine;

(ii) grianghraf amháin ina dtaispeántar clébhord an tsoithigh, a léiríonn a fad foriomlán agus a gnéithe struchtúracha ina n-iomláine;

(iii) grianghraf amháin ina dtaispeántar deireadh an tsoithigh, grianghraf a tógadh go díreach ó chúl an tsoithigh, lena n-áirítear aon fhorstruchtúr.

Tabharfar na grianghraif cothrom le dáta nuair a dhéanfar athruithe ar shaintréithe an tsoithigh (e.g. cabhail mhodhnaithe, forstruchtúr, marcálacha seachtracha). Cuirfear isteach na grianghraif i gceann de na formáidí comhaid seo a leanas: jpeg, png, nó tiff.

▼B

2. Tá an fhaisnéis seo a leanas le soláthar má tá sí ar fáil agus nuair is indéanta:

(i) Marcálacha seachtracha (amhail ainm an tsoithigh, uimhir chlárúcháin nó IRCS)

(ii) Cineálacha línte próiseála éisc (más infheidhme)

(iii) An dáta ar tógadh an soitheach

(iv) An áit ar tógadh an soitheach

(v) Doimhneacht mhúnlaithe

(vi) Bíoma

(vii) Trealamh leictreonach ar bord (mar shampla, raidió, sondálaí fuaime, radar, netsonda)

(viii) Ainm úinéir(í) an cheadúnais (más rud é nach ionann an t-ainm sin agus ainm úinéir an tsoithigh)

(ix) Seoladh úinéir(í) an cheadúnais (más rud é nach ionann an seoladh sin agus seoladh úinéir an tsoithigh)

(x) Ainm an oibreora (na n-oibreoirí) (más rud é nach ionann an t-ainm sin agus ainm úinéir an tsoithigh)

(xi) Seoladh an oibreora (na n-oibreoirí) (más rud é nach ionann an seoladh sin agus seoladh úinéir an tsoithigh)

(xii) Ainm mháistir an tsoithigh

(xiii) Náisiúntacht mháistir an tsoithigh

(xiv) Ainm an mháistir iascaireachta

(xv) Náisiúntacht an mháistir iascaireachta

▼B

IARSCRÍBHINN VI

Plean Oibríochta Iascaigh d'iascach taiscéalaíoch

Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh sa Phlean Oibríochta Iascaigh d'iascach taiscéalaíoch, sa mhéid agus go bhfuil fáil uirthi:

(i) tuairisc ar an iascach taiscéalaíoch, lena n-áirítear limistéar, spriocspeicis, modhanna beartaithe iascaireachta, teorainneacha uasta beartaithe gabhálacha agus aon chionroinnt atá le déanamh ar an teorainn ghabhála sin i measc limistéar nó speiceas;

(ii) sonraíocht agus tuairisc iomlán maidir leis na cineálacha trealaimh iascaireachta atá le húsáid, lena n-áirítear aon mhodhnuithe a dhéantar ar an trealamh atá ceaptha maolú a dhéanamh ar éifeachtaí na hiascaireachta beartaithe ar speicis nach spriocspeicis iad, agus ar speicis ghaolmhara nó speicis spleácha, nó ar an éiceachóras muirí ina bhfuil an t-iascach suite;

(iii) an tréimhse ama atá clúdaithe leis an bPlean Oibríochta Iascaigh (tréimhse 3 bliana ar a mhéad);

(iv) aon fhaisnéis bhitheolaíoch faoi na spriocspeicis, de réir taighde cuimsitheach nó cúrsálacha suirbhéireachta, amhail dáileadh, flúirse, sonraí déimeagrafacha agus faisnéis faoi chéannacht stoic;

(v) mionsonraí faoi speicis nach spriocspeicis iad, agus faoi speicis ghaolmhara agus speicis spleácha, agus faoin éiceachóras muirí ina bhfuil an t-iascach suite, a mhéid ba dhóigh go ndéanfaí difear do na nithe sin mar thoradh ar an ngníomhaíocht bheartaithe iascaireachta, agus faoi aon bhearta a dhéanfar chun na héifeachtaí sin a mhaolú;

(vi) tionchar carnach ionchasach na gníomhaíochta iascaireachta ar fad i limistéar an iascaigh thaiscéalaíoch, más infheidhme;

(vii) faisnéis ó iascaigh eile sa réigiún nó ó iascaigh den tsamhail chéanna in áiteanna eile, ar faisnéis í a d'fhéadfadh a bheith ina cabhair maidir le meastóireacht a dhéanamh ar tháirgeacht ionchasach an iascaigh thaiscéalaíoch ábhartha, a mhéid atá an Ballstát in ann an fhaisnéis sin a sholáthar;

(viii) más iascaireacht ghrinnill í an ghníomhaíocht iascaireachta atá beartaithe, measúnú ar thionchar ghníomhaíochtaí iascaireachta grinnill na soithí a bhfuil bratach an Bhallstáit i dtrácht ar foluain acu, i gcomhréir le hAirteagal 12 agus Airteagal 13;

(ix) i gcás ina bhfuil an spriocspeiceas á bhainistiú freisin ag RFMO atá tadhlach le SPRFMO, nó ag eagraíocht den tsamhail chéanna, tuairisc faoin iascach comharsanach sin le go bhféadfaidh Coiste Eolaíoch SPRFMO a chomhairle a cheapadh.

▼**M1**

IARSCRÍBHINN VII

Réamhfhógra faoi thrasloingsiú

1. Mionsonraí faoi thrasloingsiú

   (a) An Ballstát a chuireann isteach na sonraí

   (b) Dáta trasloingsithe réamh-mheasta (AUL)

   (c) Am trasloingsithe réamh-mheasta (AUL), má tá sé ar fáil

   (d) Domhanleithead trasloingsithe réamh-mheasta (céimeanna deachúla)

   (e) Domhanfhad trasloingsithe réamh-mheasta (céimeanna deachúla)

   (f) Foirm arna líonadh isteach ag (ainm an tsoithigh)

2. Mionsonraí faoin soitheach a dhéanann díluchtú

   (a) Ainm an tsoithigh

   (b) Uimhir chlárúcháin

   (c) IRCS

   (d) Stát brataí an tsoithigh

   (e) Uimhir IMO

   (f) Ainm agus náisiúntacht mháistir an tsoithigh

   (g) Cainníocht mheasta de réir mheáchan na n-iasc atá ar bord roimh an trasloingsiú de réir speicis, fhoirm an táirge agus limistéar gabhála

   (h) Cainníocht mheasta de réir meáchain atá le trasloingsiú de réir speicis, fhoirm an táirge agus limistéar gabhála

3. Mionsonraí faoin soitheach a dhéanann glacadh

   (a) Ainm an tsoithigh

   (b) Uimhir chlárúcháin

   (c) IRCS

   (d) Stát brataí an tsoithigh

   (e) Uimhir IMO

   (f) Ainm agus náisiúntacht mháistir an tsoithigh

   (g) Cainníocht mheasta de réir mheáchan na n-iasc atá ar bord roimh an trasloingsiú de réir speicis, fhoirm an táirge agus limistéar gabhála.

▼**M1**

IARSCRÍBHINN VIII

Bileog Loga Trasloingsithe an Bhreathnóra

1. Mionsonraí faoin soitheach iascaireachta a dhéanann díluchtú

Ainm an tsoithigh	
Uimhir chlárúcháin	
IRCS	
Stát brataí an tsoithigh	
Uimhir IMO	
Ainm agus náisiúntacht an mháistir	

2. Mionsonraí faoin soitheach iascaireachta a dhéanann glacadh

Ainm an tsoithigh	
Uimhir chlárúcháin	
Comhartha aitheantais raidió	
Stát brataí an tsoithigh	
Uimhir IMO	
Ainm agus náisiúntacht an mháistir	

3. Oibríocht trasloingsithe

Dáta agus am ar tosaíodh trasloingsiú (AUL)	
Dáta agus am ar críochnaíodh trasloingsiú (AUL)	
Má dhéantar trasloingsiú i gcalafort: Ainm, tír agus cód ([1]) an chalafoirt	
Má dhéantar trasloingsiú ar muir: Suíomh (1/10ú céim is gaire) inar tosaíodh an trasloingsiú	
Má dhéantar trasloingsiú ar muir: Suíomh (an 1/10ú céim is gaire) inar críochnaíodh an trasloingsiú	

Tuairisc ar an gcineál táirge de réir speicis (amhail iasc iomlán reoite i gcartáin 20 kg)

Speiceas		An cineál táirge	
Speiceas		An cineál táirge	
Speiceas		An cineál táirge	

▼**M1**

An líon cartán, glanmheáchan (kg) an táirge, de réir speicis					
Speiceas		Cartáin		Glanmheáchan	
Speiceas		Cartáin		Glanmheáchan	
Speiceas		Cartáin		Glanmheáchan	
Speiceas		Cartáin		Glanmheáchan	
Glanmheáchan iomlán an táirge a thrasloingsítear (kg)					
Uimhreacha na mbolg i soitheach cuisnithe ina stuáiltear an táirge					
Calafort agus tír cinn scríbe an tsoithigh iascaireachta a dhéanann glacadh					
An dáta a meastar go mbainfear an ceann scríbe amach					
An dáta a meastar go ndéanfar tabhairt i dtír					

([1]) Cód na Náisiún Aontaithe um Shuíomhanna Trádála agus Iompair (LOCODE/NA).;

4. Barúlacha (más infheidhme)

5. Fíorú

Ainm an bhreathnóra	
Údarás	
Síniú	

▼M1

IARSCRÍBHINN IX

Dearbhú Trasloingsithe

1. Mionsonraí faoin soitheach iascaireachta a dhéanann díluchtú

   (a) Ainm an tsoithigh

   (b) Uimhir chlárúcháin

   (c) IRCS

   (d) Stát brataí an tsoithigh

   (e) Uimhir IMO

   (f) Ainm agus náisiúntacht mháistir an tsoithigh

2. Mionsonraí faoin soitheach iascaireachta a dhéanann glacadh

   (a) Ainm an tsoithigh

   (b) Uimhir chlárúcháin

   (c) IRCS

   (d) Stát brataí an tsoithigh

   (e) Uimhir IMO

   (f) Ainm agus náisiúntacht mháistir an tsoithigh

3. Mionsonraí faoin oibríocht trasloingsithe

   (a) Dáta agus am ar tosaíodh trasloingsiú (AUL)

   (b) Dáta agus am ar críochnaíodh trasloingsiú (AUL)

   (c) Má dhéantar trasloingsiú i gcalafort:

      (i) Stát an chalafoirt, ainm an chalafoirt agus cód an chalafoirt

   (d) Má dhéantar trasloingsiú ar muir:

      (i) Suíomh (1/10ú céim is gaire) inar tosaíodh an trasloingsiú (domhanleithead agus domhanfhad; céim dheachúil)

      (ii) Suíomh (1/10ú céim is gaire) inar críochnaíodh an trasloingsiú (domhanleithead agus domhanfhad; céim dheachúil)

   (e) Calafort cinn scríbe an tsoithigh iascaireachta a dhéanann glacadh ([1])

   (f) An dáta a meastar go mbainfear an ceann scríbe amach

   (g) An dáta a meastar go ndéanfar tabhairt i dtír

   (h) Uimhreacha na mbolg i soitheach iascaireachta a dhéanann glacadh agus ina stuáiltear an táirge

4. Mionsonraí faoi na hacmhainní iascaigh a thrasloingsítear

   (a) Mionsonraí faoi na hacmhainní iascaigh a thrasloingsítear

([1]) Má thagann athrú ar an bhfaisnéis seo, déanfar an Dearbhú Trasloingsithe a thabhairt cothrom le dáta agus a thíolacadh arís tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig sula dtabharfar i dtír táirgí trasloingsithe a bhainistíonn SPRFMO sa chalafort.

▼**M1**

(i) Cód speicis (Cód FAO 3 litir)

(ii) Tuairisc ar an speiceas, de réir an chineáil táirge (e.g. iasc iomlán reoite)

(iii) An cineál coimeádáin/cartáin

(iv) An líon cartán agus glanmheáchan (kg) an táirge de réir an chineáil coimeádáin/cartáin agus de réir speicis

(v) Glanmheáchan iomlán an táirge a thrasloingsítear (kg)

(b) An trealamh iascaireachta a úsáidtear ([1])

5. Fíorú

(a) Ainm an bhreathnóra

(b) Údarás

([1]) Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta ar threalaimh iascaireachta. Ní gá ach don soitheach a dhéanann díluchtú an fhaisnéis sin a sholáthar.

▼B

IARSCRÍBHINN X

Sonraí breathnóra

Níl mionsonraí faoi shoithí agus faoi bhreathnóirí le taifeadadh ach uair amháin i ndáil le gach turas ar leith a ndéantar breathnóireacht air agus déanfar na mionsonraí sin a thuairisciú ar mhodh ina nasctar na sonraí faoin soitheach leis na sonraí a éilítear i Ranna A, B, C agus D.

A. *Sonraí faoin soitheach agus faoin mbreathnóir atá le bailiú i ndáil le gach turas arna bhreathnú*

1. Tá na sonraí seo a leanas faoin soitheach le bailiú i ndáil le gach turas a ndéantar breathnóireacht air:

(a) Bratach reatha an tsoithigh

(b) Ainm an tsoithigh

(c) Ainm mháistir an tsoithigh

(d) Ainm an mháistir iascaireachta

(e) Uimhir chlárúcháin

(f) Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (más ann dó)

(g) Uimhir Lloyd's/IMO (má tá ceann sannta don soitheach)

(h) Ainmneacha roimhe seo (más eol)

(i) Calafort clárúcháin

(j) Bratach roimhe seo (dá mba ann dó)

(k) An cineál soithigh (bain úsáid as cóid ISSCFV iomchuí)

(l) An cineál modha iascaireachta nó an cineál modhanna iascaireachta (bain úsáid as cóid ISSCFG iomchuí)

(m) Fad (m)

(n) Cineál faid e.g. “LOA”, “LBP”

(o) Bíoma (m).

(p) Olltonnáiste — GT (le soláthar mar an t-aonad tonnáiste is fearr)

(q) Olltonnáiste cláraithe — GRT (le soláthar mura bhfuil GT ar fáil, féadfar é a sholáthar freisin de bhreis ar GT)

(r) Cumhacht an phríomhinnill (na bpríomhinneall) (cileavataí)

(s) Acmhainn an bhoilg (méadair chiúbacha)

(t) Taifead ar an trealamh ar bord a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar fhachtóirí cumhachta iascaireachta (trealamh loingseoireachta, radar, córais sonóra, facs aimsire nó glacadóir aimsire satailíte, glacadóir íomhá de theocht dhromchla na farraige, monatóir srutha *Doppler*, treo-aimsitheoir raidió), más praiticiúil

(u) An líon iomlán daoine den chriú (an fhoireann ar fad, gan breathnóirí a áireamh)

▼B

2. Tá na sonraí seo a leanas faoin mbreathnóir le bailiú i ndáil le gach turas a ndéantar breathnóireacht air:

(a) Ainm an bhreathnóra

(b) Eagraíocht an bhreathnóra

(c) An dáta a dtéann an breathnóir ar bord (dáta AUL)

(d) An calafort ina dtéitear ar bord

(e) An dáta a dtéann an breathnóir i dtír (dáta AUL)

(f) An calafort ina dtéitear i dtír

B. *Sonraí faoi ghabháil agus faoi iarracht atá le bailiú i ndáil le gníomhaíocht trálaeireachta*

1. Tá na sonraí le bailiú ar bhonn neamh-chomhiomlánaithe (gach tarraingt ar leithligh óna chéile) i gcás na dtrál go léir a ndéantar breathnóireacht orthu.

2. Tá na sonraí seo a leanas le bailiú i ndáil le gach tarraingt tráil a ndéantar breathnóireacht air:

(a) Dáta agus am tosaithe na tarraingthe (an t-am a gcuirtear tús le hiascaireacht leis an trealamh — AUL)

(b) Dáta agus am críochnaithe na tarraingthe (an t-am a gcuirtear tús le tarlú siar — AUL)

(c) Suíomh tosaithe na tarraingthe (Domhanleithead/Domhanfhad, taifeach 1 nóiméad — deachúil)

(d) Suíomh críochnaithe na tarraingthe (Domhanleithead/Domhanfhad, taifeach 1 nóiméad — deachúil)

(e) Spriocspeicis bheartaithe (cód speicis FAO)

(f) An cineál tráil, trál grinnill nó trál meánuisce (bain úsáid as cóid iomchuí trál grinnill nó meánuisce de réir ghnáthchaighdeáin trealaimh iascaireachta ISCCFG)

(g) An cineál tráil: singil, dúbailte nó triarach (S, D nó T)

(h) Airde bhéal an lín

(i) Leithead bhéal an lín

(j) Méid mhogall an lín soc-fhoircinn (mogall sínte, mm) agus an cineál mogaill (muileatach, cearnógach, etc.)

(k) Doimhneacht an trealaimh (an téad ghrinnill) ag tús na hiascaireachta

(l) Doimhneacht an ghrinnill (grinneall na farraige) ag tús na hiascaireachta

(m) Gabháil mheasta i ndáil le gach speiceas (cód speicis FAO) a choinnítear ar bord, arna deighilt de réir speiceas agus beomheáchain (go dtí an kg is gaire)

(n) Ar gabhadh aon mhamaigh mhuirí, éin mhara, reiptílí nó speicis eile is ábhar imní? (Gabhadh/Níor gabhadh/Ní fios)

Má gabhadh, déan taifead, de réir speiceas, ar líon na mamach muirí, na n-éan mara, na reiptílí nó na speiceas eile is ábhar imní a gabhadh

▼B

(o) An raibh aon ábhar beantach ann sa trál? (Bhí/Ní raibh/Ní fios)

Má bhí, déan taifead ar na speicis bheantacha íogaire sa ghabháil tráil, go háirithe speicis leochaileacha nó speicis déanta gnáthóige amhail spúinsí, feananna mara nó coiréalaigh.

(p) Déan meastachán ar mhéid na n-acmhainní muirí (de réir meáchain nó toirte) nár taifeadadh faoi phointe (m), phointe (n) nó phoint (o) agus a aiscuireadh, arna dheighilt de réir an tacsóin is ísle atá ar eolas

(q) Déan taifead ar aon bhearta maolaithe foghabhálacha a úsáideadh:

(i) An raibh línte scanraithe éan (línte tori) á n-úsáid? (nialas/cód trealaimh — mar a thuairiscítear i Roinn L)

(ii) An raibh sciatha éan á n-úsáid? (nialas/cód trealaimh — mar a thuairiscítear i Roinn N)

(iii) Tabhair tuairisc ar an mbainistíocht atá i bhfeidhm maidir le sceitheadh scairtí/ábhair atá le haischur (roghnaigh gach mír lena mbaineann: sceitheadh ar bith le linn lámhach agus tarlú/gan ach sceitheadh leachta a bheith ann/baisceadh dramhaíola > 2 uair an chloig/eile/ceann ar bith)

(iv) Ar úsáideadh aon bhearta eile chun laghdú a dhéanamh ar fhoghabháil mamach muirí, éan mara, reiptílí nó speiceas eile is ábhar imní? (Úsáideadh/Níor úsáideadh)

Má úsáideadh, tabhair tuairisc.

C. *Sonraí faoi ghabháil agus faoi iarracht atá le bailiú i ndáil le gníomhaíocht peas-saighneoireachta*

1. Tá na sonraí le bailiú ar bhonn neamh-chomhiomlánaithe (gach tacar ar leithligh óna chéile) i gcás na dtacar peaslíonta saighne go léir a ndéantar breathnóireacht orthu.

2. Tá na sonraí seo a leanas le bailiú i gcás gach tacair peaslíonta saighne ar leith a ndéantar breathnóireacht air:

(a) Am cuardaigh ar fad roimh an tacar seo, ó bhí an tacar deireanach ann

(b) Dáta agus am tosaithe an tacair (an t-am a gcuirtear tús le hiascaireacht leis an trealamh — AUL)

(c) Dáta agus am críochnaithe an tacair (an t-am a gcuirtear tús le tarlú siar — AUL)

(d) Suíomh tosaithe an tacair (Domhanleithead/Domhanfhad, taifeach 1 nóiméad — deachúil)

(e) Fad an lín (m)

(f) Airde an lín (m)

(g) Méid mhogall an lín (mogall sínte, mm) agus an cineál mogaill (muileatach, cearnógach, etc.)

(h) Spriocspeicis beartaithe (cód speicis FAO)

(i) Gabháil mheasta i ndáil le gach speiceas (cód speicis FAO) a choinnítear ar bord, arna deighilt de réir speiceas agus beomheáchain (go dtí an kg is gaire)

▼B

(j) Ar gabhadh aon mhamaigh mhuirí, éin mhara, reiptílí nó speicis eile is ábhar imní? (Gabhadh/Níor gabhadh/Ní fios)

Má gabhadh, déan taifead, de réir speicis, ar líon na mamach muirí, na n-éan mara, na reiptílí nó na speiceas eile is ábhar imní a gabhadh.

(k) An raibh aon ábhar beantach ann sa líon? (Bhí/Ní raibh/Ní fios)

Má bhí, déan taifead ar na speicis bheantacha íogaire sa ghabháil, go háirithe speicis leochaileacha nó speicis déanta gnáthóige amhail spúinsí, feananna mara nó coiréalaigh.

(l) Déan meastachán ar mhéid na n-acmhainní muirí (de réir meáchain nó toirte) nár taifeadadh faoi phointe (i), pointe (j) nó pointe (k) agus a aiscuireadh, arna dheighilt de réir an tacsóin is ísle atá ar eolas.

(m) Déan taifead, agus tabhair tuairisc, ar aon bhearta maolaithe fogh-abhálacha a úsáideadh.

D. *Sonraí faoi ghabháil agus faoi iarracht atá le bailiú i ndáil le gníomhaíocht iascaireachta spléir grinnill*

1. Tá na sonraí le bailiú ar bhonn neamh-chomhiomlánaithe (gach tacar ar leithligh óna chéile) i gcás na dtacar spléir go léir a ndéantar breath-nóireacht orthu.

2. Tá na réimsí sonraí seo a leanas le bailiú i gcás gach tacair a ndéantar breathnóireacht air:

(a) Dáta agus am tosaithe an tacair (formáid AUL)

(b) Dáta agus am críochnaithe an tacair (formáid AUL)

(c) Suíomh tosaithe an tacair (Domhanleithead/Domhanfhad, taifeach 1 nóiméad — formáid dheachúil)

(d) Suíomh críochnaithe an tacair (Domhanleithead/Domhanfhad, taifeach 1 nóiméad — formáid dheachúil)

(e) Spriocspeicis bheartaithe (cód speicis FAO)

(f) Fad iomlán an tacair spléir (km)

(g) An líon duán don tacar

(h) Doimhneacht an ghrinnill (grinneall na farraige) ag tús an tacair

(i) An líon duán a breathnaíodh iarbhír (lena n-áirítear i ndáil le mamaigh mhuirí, éin mhara, reiptílí nó speicis eile is ábhar imní a gabhadh) i rith an tarlaithe

(j) Gabháil mheasta i ndáil le gach speiceas (cód speicis FAO) a choinnítear ar bord, arna deighilt de réir speiceas agus beom-heáchain (go dtí an kg is gaire)

(k) Ar gabhadh aon mhamaigh mhuirí, éin mhara, reiptílí nó speicis eile is ábhar imní? (Gabhadh/Níor gabhadh/Ní fios)

Má gabhadh, déan taifead, de réir speicis, ar líon na mamach muirí, na n-éan mara, na reiptílí nó na speiceas eile is ábhar imní a gabhadh.

▼B

(l) An raibh aon ábhar beantach ann sa ghabháil? (Bhí/Ní raibh/Ní fios)

Má bhí, déan taifead ar na speicis bheantacha íogaire sa ghabháil, go háirithe speicis leochaileacha nó speicis déanta gnáthóige amhail spúinsí, feananna mara nó coiréalaigh.

(m) Déan meastachán ar mhéid na n-acmhainní muirí (de réir meáchain nó toirte) nár taifeadadh faoi phointe (j), pointe (k) nó pointe (l) agus a aiscuireadh, arna dheighilt de réir an tacsóin is ísle atá ar eolas.

(n) Déan taifead ar aon bhearta maolaithe foghabhálacha a úsáideadh:

(i) An raibh línte scanraithe éan (línte tori) á n-úsáid? (nialas/cód trealaimh — mar a thuairiscítear i Roinn L)

(ii) An raibh socrú na dtacar srianta don tréimhse idir coineascar muirí agus camhaoir mhuirí? (Bhí/Ní raibh)

(iii) Cén cineál trealaimh iascaireachta a úsáideadh? (córas ualaithe sheachtraigh/córas ualaithe inmheánaigh/sodarlíne/eile)

(iv) Más córas ualaithe sheachtraigh atá ann, tabhair tuairisc ar an gcóras ualaithe agus snámhán (agus an fhoirm a sholáthraítear i Roinn M á húsáid)

(v) Más córas ualaithe inmheánaigh atá ann, cad a bhí i meáchan chroí na líne (graim in aghaidh an mhéadair)?

(vi) Más sodarlíne a bhí ann, ar úsáideadh líonta *cachalotera*? (Úsáideadh/Níor úsáideadh)

(vii) Más eile, tabhair tuairisc.

(o) Cén maolúchán tarlaithe a úsáideadh? (cuirtíní coiscthe éan/eile/ceann ar bith)

Más eile, tabhair tuairisc.

(p) Cén cineál baoite a bhí ann? (iasc/leacht/meascán; beo/marbh/meascán; reoite/díreoite/meascán)

(q) Déan cur síos ar sceitheadh d'aon ábhar bitheolaíocht le linn lámhach agus tarlú a dhéanamh (sceitheadh gan bheith baiscthe ar feadh 2 uair an chloig nó níos mó/sceitheadh a baisceadh ar feadh 2 uair an chloig nó níos mó/ceann ar bith/ní fios).

(r) Ar úsáideadh aon bhearta eile chun laghdú a dhéanamh ar fhogh-abháil mamach muirí, éan mara, reiptílí nó speiceas eile is ábhar imní? (Úsáideadh/Níor úsáideadh)

Má úsáideadh, tabhair tuairisc.

▼B

E. *Sonraí atá le bailiú maidir le fad-minicíocht*

Tá sonraí ionadaíocha, arna sampláil go randamach, le bailiú i ndáil leis na spriocspeicis agus, má bhíonn am ann chuige, i ndáil le príomhspeicis foghabhála eile. Tá sonraí maidir le fad le bailiú agus le taifeadadh ag an leibhéal is beaichte is iomchuí i ndáil leis an speiceas (cm nó mm agus cibé acu go dtí an t-aonad is gaire nó go dtí an t-aonad is airde faoi bhun an leibhéil lena mbaineann) agus tá an cineál tomhais a úsáidtear (fad iomlán, fad go gabhal an eireabaill, nó fad caighdeánach) le taifeadadh freisin. Más féidir, tá meáchan iomlán samplaí faid-minicíochta le taifeadadh nó le meas, agus tá an modh measta le taifeadadh, agus d'fhéadfadh sé go gceanglófar ar bhreathnóirí inscne éisc thomhaiste a chinneadh d'fhonn sonraí faid-minicíochta, arna srathú de réir inscne, a ghiniúint.

1. Prótacal maidir le sampláil tráchtála

   (a) Speicis éisc seachas sciataí, roic agus siorcanna:

      (i) tá an fad go gabhal an eireabaill le tomhas go dtí an cm is gaire maidir le hiasc a shroicheann fad uasta is mó ná 40 cm ar fhad go gabhal an eireabaill;

      (ii) tá an fad go gabhal an eireabaill le tomhas go dtí an mm is gaire maidir le hiasc a shroicheann fad uasta is lú ná 40 cm ar fhad go gabhal an eireabaill.

   (b) Sciataí agus roic:

      Tá leithead uasta diosca le tomhas.

   (c) Siorcanna:

      Tá tomhas iomchuí faid atá le húsáid le roghnú i ndáil le gach speiceas ar leith (féach tuarascáil theicniúil 474 FAO maidir le tomhas siorcanna). In éagmais socrú eile, tá fad iomlán le tomhas.

2. Prótacal maidir le sampláil eolaíoch

   Maidir le sampláil eolaíoch speiceas, d'fhéadfadh sé gur gá tomhas an fhaid a dhéanamh de réir taifigh níos míne ná mar a shonraítear i bpointe 1.

F. *Sampláil bhitheolaíoch atá le déanamh*

1. Tá na sonraí bitheolaíocha seo a leanas le bailiú i ndáil le samplaí ionadaíocha de na príomh-spriocspeicis agus, má bhíonn am ann chuige, i ndáil le príomhspeicis foghabhála eile ar cuid den ghabháil iad:

   (a) Speicis

   (b) Fad (mm nó cm), maille le taifead ar an gcineál tomhais faid a úsáidtear. Tá beaichte agus cineál an tomhais le cinneadh ar bhonn gach speicis ar leith i gcomhréir leis an mbonn atá sainithe i Roinn E

   (c) Inscne (fireann, baineann, neamhaibí, gan inscne)

   (d) Céim aibíochta

2. Tá breathnóirí chun samplaí fíocháin, otailite agus/nó goile a bhailiú de réir cláir shonracha réamhchinntithe taighde arna gcur chun feidhme ag Coiste Eolaíoch SPRFMO nó de réir taighde eolaíoch náisiúnta eile.

3. Ní mór eolas a thabhairt do bhreathnóirí faoi phrótacail maidir le sampláil faid-minicíochta agus bhitheolaíoch, más iomchuí, agus faoi thosaíochtaí don tsampláil thuas a bhaineann go sonrach le gach turas breathnóra ar leith, agus ní mór leagan i scríbhinn de na nithe sin a thabhairt dóibh.

▼B

G. *Sonraí atá le bailiú i ndáil le foghabhálacha éan mara, mamach, turtar agus speiceas eile is ábhar imní*

1. Tá na sonraí seo a leanas le bailiú i ndáil le gach éan mara, mamach agus reiptíl (turtair) agus i ndáil le gach speiceas eile is ábhar imní a ghabhtar le linn oibríochtaí iascaireachta:

   (a) Speiceas (arna shainaithint go tacsanomaíoch a mhéid is féidir, nó trí ghrianghraif a chur ar fáil más deacair an speiceas a shainaithint) agus an méid

   (b) Comhaireamh ar an líon de gach speiceas a ghabhtar in aghaidh na tarraingthe nó an tacair

   (c) An leas a baineadh as ainmhithe foghabhála (ar coinníodh iad nó ar scaoileadh saor nó ar aiscuireadh iad?)

   (d) Má scaoileadh saor iad, stádas beatha (bríomhar, beo, marbhánta, marbh) tráth a scaoilte saor

   (e) Más marbh, ní mór faisnéis dhóthanach nó samplaí dóthanacha a bhailiú lena shainaithint ar tír i gcomhréir le prótacail samplála réamhchinntithe. I gcás nach bhfuil sé sin indéanta, d'fhéadfadh sé go n-eileofaí ar bhreathnóirí foshamplaí de chodanna sainaitheantais a bhailiú, mar atá sonraithe i bprótacail samplála bitheolaíche.

   (f) Taifead ar an gcineál idirghníomhaíochta (duán/líne, i bhfostú/tarlú, bualadh/líon, gabháil/eile)

   Más eile, tabhair tuairisc.

2. Taifead a dhéanamh ar inscne gach aonán i leith tacsón i gcás ina bhfuil sé sin indéanta trí bhreathnóireacht sheachtrach, mar shampla, eite-chosaigh, céiticigh bheaga nó Elasmobranchii agus speicis eile is ábhar imní.

3. An raibh aon imthosca nó gníomhaíochtaí ann a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bhfoghabháil? (mar shampla, líne scanraithe éan in aimhréidh, ardleibhéil ó thaobh cailleadh baoite).

H. *Iascaireacht a bhrath i ndáil le ÉMLanna*

Maidir le gach trál a ndéantar breathnóireacht air, tá na sonraí seo a leanas le bailiú i ndáil le gach speiceas beantach íogair a ghabhtar, go háirithe speicis leochaileacha nó speicis déanta gnáthóige amhail spúinsí, feananna mara nó coiréalaigh:

(a) Speiceas (arna shainaithint go tacsanomaíoch a mhéid is féidir, nó trí ghrianghraf a chur ar fáil más deacair an speiceas a shainaithint);

(b) Meastachán ar an gcainníocht (meáchan (kg) nó toirt (m^3)) i ndáil le gach speiceas beantach a ghabhtar sa tarraingt;

(c) Meastachán foriomlán ar an gcainníocht iomlán (meáchan (kg) nó toirt (m^3)) i ndáil le gach speiceas beantach inveirteabrach a ghabhtar sa tarraingt;

(d) Más féidir, agus go háirithe i gcás speicis nua nó speicis thearca nach luaitear i dtreoracha maidir le speicis a shainaithint, tá samplaí iomlána le bailiú agus le caomhnú go cuí lena shainaithint ar tír.

▼B

I. *Sonraí atá le bailiú i ndáil le gach speiceas clibeáilte a ghabhtar*

Tá na sonraí seo a leanas le bailiú i ndáil le gach clib éisc, éin mara, mamaigh nó reiptíle a aisghabhtar má tá an t-orgánach marbh, le coinneáil, nó beo:

(a) Ainm an bhreathnóra

(b) Ainm an tsoithigh

(c) Comhartha aitheantais an tsoithigh

(d) Bratach an tsoithigh

(e) Na clibeanna iad féin a bhailiú, a lipéadú (agus na mionsonraí go léir thíos a áireamh) agus a stóráil lena dtabhairt ar ais don ghníomhaireacht chlibeála ina dhiaidh sin.

(f) An speiceas óna bhfuarthas an chlib

(g) Dath agus cineál na clibe (spaigití, cartlannach)

(h) Uimhreacha clibe (Tá uimhir na clibe le tabhairt i ndáil le gach clib ar leith nuair atá níos mó ná clib amháin i gceangal le haon iasc amháin. Murar taifeadadh ach clib amháin, beidh gá le ráiteas ina sonraítear cibé acu an raibh an chlib eile ar lár nó nach raibh) Má tá an t-orgánach beo agus le scaoileadh saor, tá faisnéis chlibe le bailiú i gcomhréir le prótacail samplála réamhchinntithe.

(i) Dáta agus am na gabhála (AUL)

(j) Suíomh na gabhála (Domhanleithead/Domhanfhad, go dtí an 1 nóiméad is gaire)

(k) Fad/méid an ainmhí (cm nó mm), maille le tuairisc i dtaobh cén tomhas a tógadh (amhail fad iomlán, fad go gabhal an eireaball, etc). Tá tomhais faid le bailiú de réir na gcritéar atá sainithe i Roinn E.

(l) Inscne (B = baineann, F = fireann, N = neamhchinntithe, G = gan scrúdú)

(m) An bhfuarthas na clibeanna i rith tréimhse iascaireachta a bhí á breathnú? (Fuarthas/Ní bhfuarthas)

(n) Faisnéis faoi luaíocht (e.g. ainm agus seoladh ar mhaithe le luaíocht a sheoladh)

(Tuigtear go bhfuil cuid de na sonraí a thaifeadtar anseo le tabhairt freisin sna catagóirí faisnéise roimhe seo. Tá sé sin riachtanach mar go bhféadfadh sé go ndéanfar faisnéis faoi aisghabháil clibeanna a chur ar leithligh ó shonraí eile breathnóra.)

J. *Ordlathais maidir le bailiú sonraí breathnóra*

1. Á aithint go bhféadfadh sé nach mbeidh breathnóirí in ann na sonraí go léir a thuairiscítear sna caighdeáin seo a bhailiú ar gach turas, tá ordlathas tosaíochtaí le cur chun feidhme maidir le bailiú sonraí breathnóra. D'fhéadfadh sé go ndéanfar tosaíochtaí turas-sonracha nó clár-shonracha a fhorbairt maidir le cúraimí breathnóirí mar fhreagairt ar riachtanais shonracha clár taighde agus, sa chás sin, tá na breathnóirí chun déanamh de réir na dtosaíochtaí sin.

▼B

2. Cheal tosaíochtaí turas-sonracha nó clár-shonracha, tá na breathnóirí chun déanamh de réir na dtosaíochtaí ginearálta seo a leanas:

(a) Faisnéis faoi Oibríochtaí Iascaireachta

Faisnéis faoi gach soitheach agus faoi gach tarraingt/tacar/iarracht.

(b) Gabhálacha a thuairisciú

(i) Taifead a dhéanamh ar am, ar mheáchan na gabhála a sampláladh i gcomhthéacs mheáchan na gabhála nó na hiarrachta iomláine (e.g. an líon duán), agus ar an líon iomlán do gach speiceas ar leith a ghabhtar.

(ii) Sainaithint agus comhaireamh i ndáil le héin mhara, mamaigh, reiptílí (turtair), speicis bheantacha íogaire agus speicis leochaileacha.

(iii) Taifead a dhéanamh ar líonta nó ar mheáchain i ndáil le gach speiceas a choinnítear nó a aischuirtear.

(iv) Taifead a dhéanamh ar fhoghail, más iomchuí

(c) Sampláil Bhitheolaíoch

(i) Seiceáil a dhéanamh maidir le clibeanna a bheith ann

(ii) Sonraí faid-minicíochta do spriocspeicis

(iii) Bunsonraí bitheolaíochta (inscne, aibíocht) do spriocspeicis

(iv) Sonraí faid-minicíochta do phríomhspeicis seachghabhála

(v) Otailití (agus samplaí goile, má bhailítear iad) do spriocspeicis

(vi) Bunsonraí bitheolaíocha do speicis seachghabhála

(vii) Samplaí bitheolaíocha na speiceas seachghabhála (má bhailítear iad)

(viii) Grianghraif a thógáil

(d) Maidir le tuairisciú gabhálacha agus maidir leis na nósanna imeachta i ndáil le sampláil bhitheolaíoch, tá na tosaíochtaí le leagan amach i measc grúpaí speiceas mar a leanas:

Speicis	Tosaíocht (1 an ceann is airde)
Spriocspeicis phríomhúla (amhail bolmán Sileach, d'iascaigh pheiligeacha, agus gainneachán flannbhuí d'iascaigh ghrinnill)	1
Éin mhara, mamaigh agus reiptílí (turtair) anó speicis eile is ábhar imní	2

▼B

Speicis	Tosaíocht (1 an ceann is airde)
Speicis eile a bhíonn sa 5 cinn is coitianta de ghnáth san iascach (amhail ronnach gorm d'iascaigh pheiligeacha, agus oreos agus alfainsín d'iascaigh ghrinnill)	3
Gach speiceas eile	4

Beidh leithroinnt na hiarrachta breathnóra i measc na ngníomhaíochtaí seo ag brath ar an gcineál oibríochta agus suímh. Tá méid foshamplaí i gcoibhneas le cainníochtaí gan breathnú (amhail an líon duán a scrúdaíodh i leith comhdhéanamh speiceas i gcoibhneas leis an líon duán a socraíodh) le taifeadadh go sainráite faoi threoir a gheofar ó chláir bhreathnóra na mBallstát.

K. *Sonraíochtaí códaithe atá le húsáid i ndáil le sonraí breathnóra*

1. Mura sonraítear a mhalairt i ndáil le cineálacha sonracha sonraí, tá sonraí breathnóra le soláthar i gcomhréir leis na sonraíochtaí céanna códaithe atá sonraithe sa roinn seo.

2. Tá Am Uilíoch Lárnach (AUL) le húsáid chun amanna a thuairisciú.

3. Tá céimeanna deachúla le húsáid chun suímh a thuairisciú.

4. Is iad seo a leanas na scéimeanna códaithe atá le húsáid:

   (a) tá speicis le tuairisciú trí úsáid a bhaint as cóid speicis 3 litir FAO;

   (b) tá modhanna iascaireachta le tuairisciú trí úsáid a bhaint as cóid an Aicmithe Idirnáisiúnta Chaighdeánaigh Staidrimh ar Threalamh Iascaireachta (ISSCFG — 29 Iúil 1980);

   (c) tá cineálacha soithigh iascaireachta le tuairisciú trí úsáid a bhaint as cóid an Aicmithe Idirnáisiúnta Chaighdeánaigh Staidrimh ar Shoithí Iascaireachta (ISSCFV).

5. Tá aonaid mhéadracha tomhais le húsáid, is é sin le rá go sonrach:

   (a) tá cileagraim le húsáid chun meáchan gabhála a thuairisciú;


   (b) tá méadair le húsáid chun airde, leithead, doimhneacht, bíoma nó fad a thuairisciú;

   (c) tá méadair chiúbacha le húsáid chun toirt a thuairisciú;

   (d) tá cileavataí le húsáid chun cumhacht innill a thuairisc

▼B

L. *Foirm tuairiscithe líne scanraithe éan*



▼B


CÓID LÍNE SCANRAITHE ÉAN/LIOSTA ROGHANNA:

Suíomh	Dearadh	Réad Tarraingthe	Ábhar	Dath
Taobh an chlébhoird	Singil	F = Tonnadóir inbhéartaithe/cón plaisteach	T = Feadánra plaisteach	P = Bándearg
Taobh an deasbhoird	Péireáilte	L = Fad líne tibhe	S = Stropaí plaisteacha	R = Dearg
Cúl		K = Snaidhm nó lúb líne tibhe	O = Eile	C = Dath cairéid (Flannbhuí)
		B = Baoi		Y = Buí
		N = Baoi faoi eangach		G = Glas
		S = Sac nó mála		B = Gorm
		W = Meáchan		W = Donn
		Z = Gan réad tarraingthe		F = Dath tréigthe (aon dath)
		O = Eile		O = Eile

Achoimre ar Luachanna Ionchurtha	
Suíomh na línte scanraithe éan	Fad sraoilleáin (uasta)
Fad an chuirtín	Dath na sraoilleán
Fad an chlúdaigh ón aer	Ábhar na sraoilleán
Airde cheangailte os cionn an uisce	An líon sraoilleán
Ábhar línte scanraithe éan	Réad Tarraingthe
Dearadh na línte scanraithe éan	Nótaí breise

▼B

M. *Foirm ualaithe sheachtraigh*




▼B

Achoimre ar Luachanna Ionchurtha	
Líne Shingil nó Dhúbailte?	Líon na nduán idir snámháin ar uisce agus ancaire
Meánmhais na meáchan	Líon na nduán idir na snámháin faoi bhun an dromchla
Fad idir na snámháin faoi bhun an dromchla agus an phríomhlíne	Líon na nduán idir na meáchain
Fad idir líne agus meáchan	Nótaí breise

▼B

N. *Foirm tuairiscithe scéithe éin*



▼B

Achoimre ar Luachanna Ionchurtha	
— Achar ón gcúl	
Taobh-Bhíoma	Bíoma Deiridh
— Fad an Bhíoma	— Fad an Bhíoma
— An líon sraoilleán	— An líon sraoilleán
— Meánachar idir sraoilleáin	— Meánachar idir sraoilleáin
— Airde os cionn an uisce	— Airde os cionn an uisce
— Dath na sraoilleán	— Dath na sraoilleán
— Ábhar na sraoilleán	— Ábhar na sraoilleán
Taobh-Chuirtín Deiridh	Cuirtín Deiridh
— Fad an chuirtín	— Fad an chuirtín
— An líon sraoilleán	— An líon sraoilleán
— Meánachar idir sraoilleáin	— Meánachar idir sraoilleáin
— Airde os cionn an uisce	— Airde os cionn an uisce
— Dath na sraoilleán	— Dath na sraoilleán
— Ábhar na sraoilleán	— Ábhar na sraoilleán

O. *Caighdeán do shonraí breathnóra a bhailítear le linn tabhairt i dtír nó nuair atá soitheach i gcalafort*

Maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu, agus a bhfuil speicis neamhphróiseáilte bhainistithe SPRFMO á dtabhairt i dtír acu (i.e. iasc iomlán gan aon chuid den iasc a bheith bainte de), agus i gcás ina ndéantar breathnóireacht ar an tabhairt i dtír sin, féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a bhailiú agus a sholáthar:

1. Na sonraí soithigh seo a leanas i ndáil le gach tabhairt i dtír ar leith a ndearnadh breathnóireacht air:

   (a) Bratach reatha an tsoithigh

   (b) Ainm an tsoithigh

   (c) Uimhir chlárúcháin soithigh iascaireachta

   (d) IRCS (más ann dó)

   (e) Uimhir *Lloyd's*/IMO (má tá ceann sannta dó)

   (f) An cineál soithigh (bain úsáid as cóid ISSCFV iomchuí)

   (g) An cineál modha iascaireachta nó an cineál modhanna iascaireachta (bain úsáid as cóid ISSCFG iomchuí)

▼B

2. Na sonraí breathnóra seo a leanas i ndáil le gach tabhairt i dtír ar leith a ndearnadh breathnóireacht air:

   (a) Ainm an bhreathnóra

   (b) Eagraíocht an bhreathnóra

   (c) An tír inar tugadh i dtír (cóid chaighdeánacha tíre 3-alpha ISO)

   (d) Calafort/Pointe tabhairt i dtír

3. Na sonraí seo a leanas i ndáil le gach tabhairt i dtír ar leith a ndearnadh breathnóireacht air:

   (a) Dáta agus am an tabhairt i dtír (formáid AUL)

   (b) An chéad lá den turas — a mhéid is indéanta

   (c) An lá deireanach den turas — a mhéid is indéanta

   (d) Limistéar táscach iascaireachta (Domhanleithead/Domhanfhad deachúil, taifeach 1 nóiméad — a mhéid is indéanta)

   (e) Príomh-spriocspeicis (cód speicis FAO)

   (f) Riocht inar tugadh i dtír de réir speicis (cód speicis FAO)

   (g) Meáchan a tugadh i dtír (beo) de réir speicis (cileagram) don tabhairt i dtír a bhfuil breathnóireacht á déanamh air

De bhreis air sin, le bailiú sonraí Faid-Minicíochta, sonraí Bitheolaíocha agus/nó sonraí aisghabhála Clibeanna, táthar chun déanamh de réir na gcaighdeán a thuairiscítear i Roinn E, Roinn F agus Roinn I faoi seach den Iarscríbhinn seo i ndáil leis na speicis sin a ndéantar breathnóireacht orthu le linn tabhairt i dtír nó nuair atá soitheach i gcalafort.

Ní mheastar go bhfuil Ranna G (Gabháil theagmhasach) agus H (VMEnna) ábhartha maidir le tabhairt i dtír a ndéantar breathnóireacht air. Táthar fós chun déanamh de réir na gcaighdeán a thuairiscítear i Ranna I (aisghabháil Clibeanna), J (Ordlathais) agus K (Sonraíochtaí códaithe) a chomhlíonadh, i gcás inarb infheidhme, áfach.

▼**M1**

IARSCRÍBHINN XI

Iarraidh maidir le teacht isteach i gcalafort

1. Faisnéis maidir le teacht isteach i gcalafort

Calafort cuarda	Calafort deireanach	Dáta an teachta isteach deiridh i gcalafort

2. Aitheantas soithigh

Ainm an tsoithigh	Bratach an tsoithigh	Uimhir IMO	Comhartha aitheantais	Aitheantas seachtrach
Cineál soithigh	Sonraí teagmhála an tsoithigh	Úinéir(í) an tsoithigh	Aitheantas ERBI (más infheidhme)	Uimhir aitheantais deimhnithe cláraithe

3. VMS

VMS oibríochtúil?	Tuairisciú VMS chuig FMC náisiúnta?	Tuairisciú VMS chuig SPRFMO?
Saghas		

4. Toisí an tsoithigh

Fad	Bíoma	Tarraingt (Domhain)

5. Ainm agus náisiúntacht mháistir an tsoithigh

Ainm mháistir an tsoithigh	Náisiúntacht mháistir an tsoithigh

6. Na húdaruithe ábhartha trasloingsithe

Aitheantóir	Arna eisiúint ag	Dátaí bailí

▼M1

7. Faisnéis faoi thrasloingsiú (maidir le soithí deontóra)

Dáta	Suíomh (Domhanlei-thead/ Domhanf-had)	Ainm an tsoithigh deontóra	Stát brataí an tsoithigh deontóra	Uimhir IMO	Speiceas	Riocht an táirge	Limistéar gabhála FAO	Cainníocht (kg)

8. Mionsonraí faoi theacht isteach i gcalafort

An calafort ina bhfuil sé beartaithe teacht isteach ([1])	Stát an chalafoirt	Cuspóir ([2])le teacht isteach i gcalafort	An dáta a meastar go mbainfear an ceann scríbe amach	An t-am a meastar go mbainfear an ceann scríbe amach	An dáta reatha

([1]) Calafort ainmnithe a bheidh ann mar a liostaítear ar chlár calafort SPRFMO.
([2]) E.g. tabhairt i dtír, trasloingsiú, athbhreoslú.

9. Speicis a bhainistíonn SPRFMO a coinníodh ar bord

Speiceas	Limistéar gabhála FAO	Riocht an táirge	Líon iomlán cileagram a coinníodh ar bord *(measta)*	Méid atá le tras-loingsiú/tabhairt i dtír *(measta)*	Faighteoir an mhéid a trasloingsíodh/a tugadh i dtír

Más rud é nach bhfuil aon speiceas ná/nó táirge éisc de chuid SPRFMO de thionscnamh na speiceas sin á choinneáil ar bord, cuir isteach “nialas”.

▼**M1**

10. Mionsonraí faoin údarú ábhartha iascaireachta

Aitheantóir	Arna eisiúint ag	Bailíocht	Limistéar/limistéir iascaireachta	Speiceas	Trealamh ([1])
An léiríonn údarú iascaireachta teorainn ghabhála an tsoithigh in aghaidh an speicis? (Léiríonn/Ní léiríonn)		Speiceas		Teorainn ghabhála an tsoithigh in aghaidh an speicis ([2])	

([1]) Má tá an t-údarú teoranta do thrasloingsithe, cuir isteach “trasloingsiú” mar an trealamh.
([2]) Mura sonraítear teorainn ghabhála an tsoithigh san údarú, cuir isteach N/Bh.

11. Liosta Criú

An bhfuil cóip den liosta criú i gceangal? Tá/Níl’

▼**M1**

IARSCRÍBHINN XII

Tuarascáil cigireachta chalafoirt

1. Mionsonraí faoin gcigireacht

Uimhir na tuarascála cigireachta			
Ainm an phríomhchigire			
Stát an chalafoirt		Údarás cigireachta	
Calafort cigireachta		Cuspóir le teacht isteach	
Dáta tosaithe na cigireachta		Am tosaithe na cigireachta	
Dáta críochnaithe na cigireachta		Am críochnaithe na cigireachta	
An bhfuarthas réamhfhógra?	Fuarthas/Ní bhfuarthas	An bhfuil mionsonraí an réamhfhógra i gcomhréir leis an gcigireacht?	Tá/Níl

2. Mionsonraí faoin soitheach

Ainm an tsoithigh		Bratach an tsoithigh	
An cineál soithigh		IRCS	
Aitheantas seachtrach		Uimhir IMO	
Úinéir an tsoithigh			
Úinéirí tairbhiúla an tsoithigh *(más eol iad agus murab ionann iad agus úinéir an tsoithigh)*			
Oibreoir an tsoithigh			
Máistir an tsoithigh agus a náisiúntacht			
Gníomhaire an tsoithigh			
An bhfuil VMS i láthair?	Tá/Níl	An cineál VMS	

3. Údaruithe ábhartha iascaireachta

Aitheantóir údaraithe		Arna eisiúint ag	
Bailíocht		Limistéir iascaireachta	

▼**M1**

Speiceas		Trealamh ([1])	
An bhfuil an soitheach i dtaifead SPRFMO soithí?	Tá/Níl	An bhfuil sé údaraithe faoi lát-hair?	Tá/Níl

([1]) Má tá an t-údarú teoranta do thrasloingsiú, cuir isteach "trasloingsiú" mar an trealamh.

4. Speicis a bhainistíonn SPRFMO a díluchtaíodh (le linn na cuairte seo ar chalafort)

Speiceas	Limistéar FAO gabhála	Riocht an táirge	Cainníocht dhearbhaithe a díluchtaíodh (kg)	Cainníocht a díluchtaíodh (kg)

5. Speicis a bhainistíonn SPRFMO a coinníodh ar bord

Speiceas	Limistéar FAO gabhála	Riocht an táirge	Cainníocht dhearbhaithe a coinníodh ar bord (kg)	Cainníocht a coinníodh ar bord (kg)

6. Speicis a bhainistíonn SPRFMO a fuarthas ó thrasloingsiú (le linn na cuairte seo ar chalafort)

Speiceas	Limistéar FAO gabhála	Riocht an táirge	Cainníocht dhearbhaithe a fuarthas (kg)	Cainníocht a fuarthas (kg)

▼**M1**

7. Scrúduithe agus torthaí

Roinn	Nótaí
Scrúdú logleabhar agus doiciméad eile	
Comhlíonadh na scéime/na scéimeanna doiciméadaithe gabhála is infheidhme	
Comhlíonadh na scéime/na scéimeanna faisnéise trádála is infheidhme	
An cineál trealaimh ar bord	
Torthaí ó chigirí	
Sáruithe dealraitheacha (cuir san áireamh tagairt d'ionstraimí dlíthiúla ábhartha)	
Tuairimí mháistir an tsoithigh	
Bearta a rinneadh	
Síniú mháistir an tsoithigh	
Síniú an Chigire	

▼B

IARSCRÍBHINN XIII

Liosta na “speiceas eile is ábhar imní”

Ainm eolaíoch	Ainm Gaeilge	Cód 3-alfa
Carcharhinus longimanus	Siorc bán aigéanach	OCS
Carcharodon carcharias	Siorc bán mór	WSH
Cetorhinus maximus	Liamhán gréine	BSK
Lamna nasus	Craosaire	POR
Manta spp.	Roc na caille	MNT
Mobula spp.	Diabhalroc	RMV
Rhincodon typus	Míolsiorc	RHN